AN GHNÍOMHAIREACHT NÁISIÚNTA BAINNE

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2015

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

Bhunaigh an tOireachtas an Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne le soláthar bainne chun óil sa Stát a rialáil mar a leagtar amach san Acht Bainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Chuig: An tUasal Michael Creed TD, An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne le haghaidh 2015 a chur i láthair, de réir Alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

An Geilleagar Náisiúnta

Bhí borradh faoin ngeilleagar náisiúnta anuraidh. D'fhás an geilleagar náisiúnta de bhreis is 7%, an ráta fáis gheilleagraigh is airde san Aontas Eorpach, agus cuireadh bonn taca faoi le rátaí malairte fabhracha, praghsanna ísle ola agus rátaí ísle úis. Tháinig an t-éileamh intíre ar ais chuige féin agus mhéadaigh líon na bpost.

Chuaigh feidhmíocht láidir an gheilleagair chun sochair an airgeadais phoiblí agus léiríodh é sa laghdú ar an easnamh fioscach agus sa chóimheas idir an fiachas poiblí agus an olltáirgeacht intíre.

An Earnáil Feirmeoireachta/ Déiríochta

Tháinig ardú 2% i gcomparáid le 2014 ar an aschur talmhaíochta comhlán, €7.2 billiún, ag praghsanna don táirgeoir. Tháinig laghdú 11% ar an aschur déiríochta, áfach, mar gheall ar phraghsanna níos ísle bainne, rud a léiríonn drochdhálaí an mhargaidh i leith táirgí déiríochta.

D'fhág aimsir den scoth gur fhás an féar go tréan agus gur laghdaíodh costais ionchuir i bhfiontair féarach i mbliain a bhí ina measc siúd is teo ar an taifead.

D'fhreagair feirmeoirí déiríochta do dheireadh a bheith curtha le cuótaí bainne AE i mí Aibreáin, rud a rabhthas ag fanacht leis le fada, le soláthairtí bainne méadaithe agus líon níos airde bó. Mhéadaigh soláthairtí bainne intíre go dtí 6.4 billiún lítear, an méid ab airde riamh agus méadú 13% i gcomparáid le 2014. Táirgeadh leibhéal solad bainne ní b'airde ná riamh freisin.

Nuair a cuireadh deireadh le cuótaí bainne AE in Aibreán 2015, thosaigh earnáil déiríochta na hÉireann ag teacht chun cinn mar an earnáil déiríochta is mó fáis in AE, le ráta fáis bliantúil 13% in 2015. Tháinig méadú níos mó ná 2% ar sholáthairtí bainne AE agus tháinig méadú díreach faoi bhun 2% ar sholáthairtí bainne domhanda.

Sna naoi mí tar éis deireadh a bheith curtha leis na cuótaí AE, tháinig méadú breis is 16% ar sholáthairtí intíre bainne, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin. Idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2015, tháinig méadú 33% ar sholáthairtí i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin, de réir mar a lean táirgeoirí ag táirgeadh chun sreabhadh airgid a ghiniúint agus leas a bhaint as solaid bhainne níos airde tráth a bhí praghsanna bainne ag titim.

Ba bhliain í inar cuireadh dúshlán na bhfeirmeoirí déiríochta – bliain ina ndearnadh níos mó oibre ach a raibh luach saothair níos lú ann de bharr na hoibre sin. Aisiompaíodh an tairbhe gheilleagrach a bhí ag gabháil le soláthairtí méadaithe bainne ar fheirmeacha déiríochta de bharr laghdú 22% a bheith tagtha ar mheánphraghas an bhainne don táirgeoir.

Tháinig laghdú 4% ar mheánioncam feirmeacha déiríochta, in ainneoin go raibh méadú ar sholáthairtí bainne agus laghdú ar chostas na n-ionchur feirme.

Margaí Déiríochta agus Praghsanna Bainne

Tháinig méadú 4% ar luach onnmhairí déiríochta na hÉireann anuraidh, go dtí €3.2 billiún, á spreagadh ag an méadú ar onnmhairiú de bharr soláthairtí méadaithe bainne.

Bhí an timthriall láidir anuas ar an margadh domhanda le haghaidh táirgí déiríochta, a tháinig chun cinn i lár 2014, fós i réim in 2015 mar gheall ar an méadú ar sholáthairtí bainne domhanda, an moilliú ar an éileamh ón tSín agus ón na geilleagair a tháirgeann ola, agus mar gheall ar an toirmeasc díoltais a chur an Rúis ar allmhairí déiríochta ó AE.

D'fhág an méadú mór ar an soláthar agus an t-éileamh lag gur imríodh drochthionchar ar phraghsanna táirgí déiríochta agus dá bhrí sin ar phraghsanna bainne a íocadh le táirgeoirí ar fud an domhain.

Cé gur thit praghsanna táirgí déiríochta 28% ar mhargaí an domhain, chuidigh luach an euro le hiomaíochas onnmhairí déiríochta na hÉireann do chustaiméirí lasmuigh den limistéar euro; bhí luach an euro laghdaithe 16% i gcomparáid le dollar na Stát Aontaithe agus bhí sé laghdaithe 10% i gcomparáid le steirling.

De réir mar a laghdaigh praghsanna margaidh, lean an meath ar phraghsanna an bhainne don táirgeoir i rith 2015.

Rinne próiseálaithe bainne na hÉireann fóirdheonú ar phraghsanna an bhainne don táirgeoir ar chostas measta breis agus €100 milliún. Thug go leor próiseálaithe isteach réamhchonarthaí ar phraghas socraithe i leith cuid de sholáthairtí bliantúla bainne na dtáirgeoirí agus iad ag triail táirgeoirí a chosaint ó thionchar iomlán dhálaí an mhargaidh, dálaí a bhí éiginnte agus ag dul in olcas.

Rinne AE iarracht an meath sa mhargadh a chobhsú trí shíneadh a chur leis na bearta idirghabhála i leith ime agus púdar bainne bearrtha agus bearta breise den sórt sin a chur i bhfeidhm, agus trí shaoráidí stórála príobháidí breise d'im, do phúdar bainne bearrtha agus do cháis.

Laghdaigh meánphraghas bliantúil an bhainne don táirgeoir ar sholáthairtí bainne monarchan go dtí 29 cent in aghaidh an lítir, gan CBL san áireamh, i gcás bainne ina raibh buaic-mheánleibhéil comhábhar – 3.50% próitéine agus 4.03% ime. Sin laghdú 8 cent in aghaidh an lítir nó 22% i gcomparáid le leibhéil na bliana 2014.

I gcás táirgeoirí cláraithe bainne, thit meánphraghas bliantúil an bhainne i gcás soláthairtí ar conradh, atá bunaithe go príomha anois ar phraghsanna bainne monarchan, go dtí 32 cent in aghaidh an lítir, gan CBL san áireamh, laghdú 6 cent in aghaidh an lítir nó 16% i gcomparáid le 2014.

Tháinig méadú ar an difreálach bliantúil idir méanphraghas náisiúnta an leachta faoi gach córas íocaíochta agus an meánphraghas náisiúnta monaraíochta go dtí beagnach 3 cent in aghaidh an lítir, nó suim mheasta 3.6 cent in aghaidh an lítir, bunaithe ar chion solad comhionann i gcás soláthairtí bainne leachtaigh agus soláthairtí bainne monarchan.

Rinneadh an dara céim déag d'íocaíocht phréimhe déiríochta AE – 3.65 cent in aghaidh an lítir – a ionchorprú san Íocaíocht Aonair Feirme, a híocadh le gach faighteoir incháilithe i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag.

An Margadh Bainne Úir

Is bia leachtach cothaitheach, sláintiúil é an bainne úr, a úsáidtear gach lá agus a bhfuil fáil fhurasta air i mbeagnach gach teaghlach in Éirinn. Is é an príomhtháirge é i margadh intíre na hÉireann do tháirgí déiríochta.

Tá margadh bainne úir na hÉireann tar éis teacht chun cinn ar bhonn leanúnach chun freastal ar athrú ar an táirge is maith leis na tomhaltóirí, a gcuid riachtanas agus a bpatrúin siopadóireachta.

Tá sé ar an margadh tomhaltóirí is mó sa Stát le haghaidh bainne agus táirgí bainne, ag a raibh luach miondíola measta €547 milliún in 2015.

Tá an margadh bunaithe ar an dearbhú go mbeidh soláthar bainne úir ardchaighdeáin ar fáil ar feadh na bliana ó shaintáirgeoirí bainne sa tír seo.

Tá tomhaltóirí na hÉireann ina measc siúd is mó a ólann bainne úr ar fud an domhain.

Anuraidh tháinig méadú 4% ar chaitheamh bainne úir ar an margadh intíre, go dtí 601 milliún lítear, an tomhaltas náisiúnta is airde bainne úir ar an taifead.

De bharr iomaíocht praghsanna idir miondíoltóirí, chun a sciar den mhargadh grósaeireachta a choinneáil i dtimpeallacht mhargaidh atá ag athrú, bhí brú láidir anuas fós ar an bhfáltas le haghaidh bainne úir sa mhargadh intíre.

Measadh gurb é 91 cent in aghaidh an lítir an meánphraghas miondíola náisiúnta i gcomhair bainne úir i bpacáistí de mhéideanna éagsúla, laghdú 1 cent in aghaidh an lítir nó 1% i gcomparáid le 2014.

Allmhairíodh 156 milliún lítear bainne ó Thuaisceart Éireann isteach sa mhargadh bainne úir, is é sin breis is lítear bainne amháin as gach ceithre lítear bainne úir a chaitear sa Stát.

Is i bpacáistí do thomhaltóirí atá na hallmhairí bainne úir sin den chuid is mó ach tagann siad isteach freisin i bhfoirm allmhairí bulcbhainne, a phróiseáiltear sa Stát lena chaitheamh mar leacht sa Stát.

Cláir, Conarthaí agus Praghsanna 2014/15

Sa bhliain bhainne 2014/15, cláraíodh 1,725 chonradh soláthair bainne leis an nGníomhaireacht i dtaca le soláthairtí 461 mhilliún lítear bainne i gcomhair próiseála lena chaitheamh mar leacht. Laghdú 8% ar chonarthaí a bhí i gceist ansin agus laghdú 3% ar sholáthairtí bainne.

Ba chonarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad (AYR) iad 94% de na conarthaí sin agus 99% de sholáthairtí agus ba chonarthaí ar feadh Mhíonna an Gheimhridh Amháin iad 6% de na conarthaí agus 1% de na soláthairtí.

Sna conarthaí AYR ba é Córas Phraghas an Bhainne Monarchan móide Bónas (an Córas MMP) an príomhchóras praghsála agus cuireadh i bhfeidhm é i gcás 85% de chonarthaí agus soláthairtí. Cuireadh Córas an Phraghais Chothroim (an Córas COTHROM) i bhfeidhm i gcás 15% de na conarthaí agus na soláthairtí.

Ba é an meánphraghas a íocadh faoin gCóras MMP ná 33.04 cent in aghaidh an lítir agus ba é an meánphraghas a íocadh faoin gCóras COTHROM ná 31.38 cent in aghaidh an lítir – laghdú 6.52 cent in aghaidh an lítir agus 6.83 cent in aghaidh an lítir faoi seach.

Bhí soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe 6% ní b'airde ná díolacháin bainne úir intíre, agus ba mar gheall ar shocruithe idirthréimhseacha ceannacháin a bhí sé sin den chuid ba mhó.

I gcúig mhí fhorordaithe an gheimhridh in 2015/16, ba é 123% leibhéal cumhdaigh na soláthairtí bainne iomlána ó tháirgeoirí cláraithe i gcomparáid le caitheamh bainne úir (lena n-áirítear allmhairí), nó 167% de bhreis ar an tomhaltas ó sholáthairtí bainne intíre amháin.

Cláraíodh 12 phróiseálaí i gClár na bPróiseálaithe, lena n-áirítear dhá phróiseálaí a bhí cláraithe i gcáil táirgeoirí freisin.

Táirgeoirí Cláraithe

Is grúpa saintáirgeoirí iad na táirgeoirí cláraithe i struchtúr na hÉireann um tháirgeadh bainne, arb ionann iad agus 10% de na táirgeoirí bainne go léir. Soláthraíonn siad 14% de na soláthairtí bainne intíre ar feadh na bliana ar fad.

Cé gur thit líon na dtáirgeoirí cláraithe ag a raibh conarthaí de bhreis is 1,000, nó 37%, ó 2003, bhí meánsoláthairtí bliantúla na dtáirgeoirí cláraithe go deireadh 2014 an-chobhsaí go fóill – breis is 825 mhilliún lítear a bhí i gceist.

Cé gur tháinig méadú 13% ar sholáthairtí náisiúnta bainne anuraidh, tháinig méadú 9%, nó 72 mhilliún lítear (go dtí 893 mhilliún lítear) ar iomlán na soláthairtí bliantúla bainne ó tháirgeoirí cláraithe. As an méid sin, soláthraíodh 471 mhilliún lítear, nó 53%, lena phróiseáil lena chaitheamh mar leacht agus soláthraíodh 422 mhilliún lítear, nó 47%, le haghaidh monaraíochta ina dtáirgí déiríochta. Tháinig laghdú 1% ar na soláthairtí a ceannaíodh lena bpróiseáil lena gcaitheamh mar leacht, agus tháinig méadú 23% ar na soláthairtí a ceannaíodh le haghaidh monaraíochta.

Anois nuair nach bhfuil an cuóta i bhfeidhm a thuilleadh, féachfaidh táirgeoirí bainne cláraithe le huasmhéadú a dhéanamh ar an táirgeadh bainne óna gcuid talún agus cur le soláthairtí ar bhonn samhail ísealchostais, atá bunaithe ar fhéarach agus ar tháirgeadh séasúrach.

Beidh dlúth-thréimhse breith laonna go luath san earrach agus lacht-tréimhse níos faide ina saintréithe den phróifíl i dtaobh chruth agus patrún na samhla táirgeachta bainne monarchan ós rud é nach bhfuil an cuóta i bhfeidhm a thuilleadh.

De réir mar a mhéadóidh táirgeoirí cláraithe a dtáirgeacht bhliantúil, beidh cion níos mó dá gcuid soláthairtí bliantúla bainne ag gabháil i dtreo an mhonaraithe, agus laghdóidh an cion bainne lena chaitheamh mar leacht.

I gcás a lán táirgeoirí bainne cláraithe, fágfaidh an t-athrú sin ar a bpunanna soláthair, le bainne monarchan ag teacht chun cinn mar phríomh-mhargadh, go gcuirfear dúshlán a dtiomantas do bhainne a sholáthar don mhargadh bainne leachtaigh ar feadh na bliana go léir.

Beidh creat soiléir agus dreasachtaí leordhóthanacha i dtaobh phraghas an bhainne sa gheimhreadh de dhíth ar tháirgeoirí cláraithe lena chinntiú go gcoinneoidh siad lena dtiomantas do bhainne úr ardchaighdeáin a sholáthar do thomhaltóirí ar feadh na bliana go léir i margadh intíre atá réasúnta cobhsaí.

Ionchas don Todhchaí

Is éiginnte agus is leochaileach go fóill iad dálaí polaitiúla agus geilleagracha an domhain. Fágann toradh an reifrinn a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2016 sa Ríocht Aontaithe – AE a fhágáil – go bhfuil rioscaí tromchúiseacha trádála agus geilleagracha le sárú ag geilleagar na hÉireann, agus beidh iarmhairtí díobhálacha tromchúiseacha ag an toradh ar an ngeilleagar agus go háirithe ar earnáil déiríochta agus earnáil mairteola na hÉireann, ós rud é gurb í an Ríocht Aontaithe margadh is mó na hÉireann le haghaidh onnmhairithe agraibhia.

Bhí margaí onnmhairithe do tháirgí déiríochta fós ag dul i laige ag tús na bliana 2016 agus is dócha go mbeidh praghsanna táirgí déiríochta ar domhan fós íseal ar feadh na bliana seo go léir.

Beidh gá le méadú ar an éileamh ón tSín, ón Rúis agus ó mhargaí atá ag teacht chun cinn, i gcomhcheangal le soláthairtí bainne laghdaithe domhanda, ionas go mbeidh na margaí cothromaithe arís agus go dtiocfaidh feabhas ar phraghas an bhainne.

Ag tús na bliana seo buaileadh feirmeoirí le titim ar phraghas an bhainne agus le hearrach fuar fliuch a bhí mall ag teacht, agus is dócha gur bliain an-dúshlánach a bheidh i gceist arís do na páirtithe leasmhara go léir in earnáil déiríochta na hÉireann agus go háirithe i gcás feirmeoirí déiríochta.

An tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014

Tháinig na Rialacháin um Earraí Grósaera faoin Acht thuasluaite i bhfeidhm ar an 30 Aibreán, 2016 agus rialóidh siad gnéithe den chaidreamh tráchtála sa soláthar bia agus dí idir miondíoltóirí/mórdhíoltóirí agus soláthraithe.

Ba chóir go mbeadh na Rialacháin ina gcúnamh i dtaobh neartú a dhéanamh ar sheasamh na bpáirtithe leasmhara sa slabhra soláthair bainne úir. Déanfaidh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí comhlíonadh a rialáil.

Airgeadas

Ba é ioncam iomlán na Gníomhaireachta ná €515,927, méadú €11,367 nó 2% i gcomparáid lena ioncam in 2014. Tháinig méadú €15,352, nó 3%, ar an ioncam ó thobhaigh bhainne dar luach €511,900, a bhuí den chuid is mó leis an méadú ar sholáthairtí bainne intobhaigh in 2015. Tháinig laghdú 50% ar an ioncam úis, go dtí €4,027, mar gheall ar rátaí úis níos ísle.

Tháinig méadú 8,454 nó 2% ar an gcaiteachas oibriúcháin €505,110. Costas €353,438 a bhí ar phearsanra agus baill foirne, méadú €1,106, nó níos lú ná 1%, agus tháinig méadú €7,437 nó 5% ar na costais oibriúcháin eile.

D'fhág an farasbarr ioncaim €515,927 thar chaiteachas €505,110 go raibh barrachas oibriúcháin €10,817 i gceist i leith na bliana.

Ag deireadh na bliana, bhí €1,082,997 sa Chiste Carntha agus cuimsíodh ann airgead agus taiscí dar luach €986,078, luach féichiúnaithe lúide creidiúnaithe €94,061 agus luach sócmhainní seasta €2,858.

Cruinnithe

I rith na bliana, thionóil an Ghníomhaireacht sé chruinniú agus thionóil an Coiste Iniúchóireachta dhá chruinniú. Ba é 88% an cóimheas meánfhreastail ag cruinnithe de chuid na Gníomhaireachta.

Comhaltas na Gníomhaireachta

Cuireadh toghchán na gcomhaltaí is táirgeoirí, a reáchtáiltear gach trí bliana, ar bun ar an 27 Deireadh Fómhair, 2015. I dToghlach 1, atoghadh Denis Fagan agus Pádraig Mulligan, agus toghadh William Lennon. I dToghlach 2, atoghadh Timothy Cashman agus toghadh Aidan Casey.

I mí na Samhna 2015, d'athcheap an tAire comhaltaí seo a leanas na Gníomhaireachta: Tony Driscoll, T.J. Flanagan, Eoghan Sweeney agus Frank Tobin, chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na bpróiseálaithe; Richard Donohue agus Michael Kilcoyne chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na dtomhaltóirí; John Foster chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na miondíoltóirí, agus Walter Moloney chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na ndáileoirí. Ceapadh TJ Flanagan i mí an Mheithimh chun folúntas a líonadh le haghaidh ionadaíocht a dhéanamh ar na próiseálaithe.

Gabhaim mo bhuíochas le Jerome Crowley agus Eamonn McEnteggart as a dtiomantas agus as an gcabhair a thug siad i dtaobh fheidhmiú éifeachtach na Gníomhaireachta le linn a dtéarmaí oifige mar chomhaltaí den Ghníomhaireacht ó 2008 agus 2009 faoi seach.

Conclúid

Is mór ag an nGníomhaireacht an comhoibriú a fuarthas i rith na bliana ó phróiseálaithe bainne leachtaigh, ó chomhlachtaí ionadaíocha na dtáirgeoirí, na bpróiseálaithe, na dtomhaltóirí, na miondíoltóirí agus na ndáileoirí, agus ó oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na ngníomhaireachtaí Stáit eile a ndeachthas i gcomhairle leo i rith na bliana.

Tá mo bhuíochas ag gabháil do chomhaltaí na Gníomhaireachta as a maoirseacht chiallmhar le linn na bliana agus leis an bPríomhfheidhmeannach, Muiris Ó Céidigh agus a fhoireann as a gcuid oibre.

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Cathaoirleach

Donncha Ó Murchú*

Ionadaithe na dTáirgeoirí

Aodhán Ó Casthasaigh

Liam Ó Lionnáin

Pádraig Ó Maolagáin*

Tadhg Ó Ciosáin

Donncha Ó Faogáin

Ionadaithe na bPróiseálaithe

T.S. Ó Flannagáin*

Antaine Ó Drisceoil

Proinsias Tóibín

Eoghan Mac Suibhne

Ionadaí na nDáileoirí

Uaitear Ó Maoldomhnaigh

Ionadaí na Miondíoltóirí



Seán Foster*

Ionadaithe na dTomhaltóirí

Risteard Ó Donnchú

Micheál Mac Giolla Chaoin

* Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta (2015)

Cathaoirleach:	Donncha Ó Murchú[1]
Ionadaithe na dTáirgeoirí:	Aodhán Ó Casthasaigh Tadhg Ó Ciosáin Diarmuid Ó Crulaol *(scoir sé den oifig ar an 28 Deireadh Fómhair 2015)* Donncha Ó Faogáin Liam Ó Lionnáin Éamann Mac an tSagairt *(scoir sé den oifig ar an 28 Deireadh Fómhair 2015)* Pádraig Ó Maolagáin[1]
Ionadaithe na bPróiseálaithe:	Seoirse Ó Ciaráin[1] *(scoir sé den oifig ar an 13 Márta 2015)* Antaine Ó Drisceoil T.S. Ó Flannagáin[1] *(ceapadh chuig an gCoiste Iniúchóireachta é ar an 2 Feabhra 2016)* Proinsias Tóibín Eoghan Mac Suibhne
Ionadaí na nDáileoirí:	Uaitear Ó Maoldomhnaigh
Ionadaí na Miondíoltóirí:	Seán Foster[1 2]
Ionadaithe na dTomhaltóirí:	Risteard Ó Donnchú Micheál Mac Giolla Chaoin
Príomhfheidhmeannach:	Muiris Ó Céidigh
Rúnaí:	Siobhán Uí Sheanáin
Oifig:	Teach IPC, 35/39 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Ríomhphost:	natmilk@eircom.net
Láithreán gréasáin:	www.nationalmilkagency.ie
Aturnae:	Frank Mulvey, Aturnaetha Frank Mulvey, Ionad DDR, Foirgneamh na Drioglainne, 145-151 Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath 7.
Baincéirí:	Bainc Aontas Éireann Cpt., Brainse Lárionaid Bainc, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Banc na hÉireann, 39 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Iniúchóir:	Deloitte & Touche, Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.

[1] Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta (2015)
[2] Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta (2015)

CLÁR ÁBHAIR

1. Soláthairtí Bainne 10

2. An Margadh Bainne Leachtaigh 15

3. Conarthaí Cláraithe/Praghsanna 18

4. Próiseálaithe 24

Aguisín 1 Cruinnithe na Gníomhaireachta 25

Aguisín 2 Clár Táirgeoirí/Soláthairtí Bainne/Córais Phraghsála 26

Aguisín 3 Praghsanna/Difreálaigh Táirgeoirí Bainne Bliantúla ar an Meán 28

Aguisín 4 Struchtúr Soláthairtí Bainne na dTáirgeoirí Cláraithe 30

Aguisín 5 Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais 32

Aguisín 6 Comhlíonadh/Forfheidhmiú 45

Aguisín 7 Reachtanna agus Ionstraimí Reachtúla a Bhaineann leis an nGníomhaireacht 46

1. SOLÁTHAIRTÍ BAINNE

An Dr Muiris Ó Céidigh
Príomhfheidhmeannach

FÍOR 1.1 ÚSÁID NA SOLÁTHAIRTÍ BAINNE INTÍRE 2015



1.1 Soláthairtí Bainne Intíre

Cuireadh 6,395 mhilliún lítear de sholáthairtí bainne intíre chuig uachtarlanna agus sáslach paistéartha in 2015, méadú 746 mhilliún lítear nó 13% i gcomparáid le 2014.

Ba ionann líon na dtáirgeoirí gníomhacha bainne agus 17,600, 2% níos lú ná mar a bhí ann an bhliain roimhe sin, agus soláthraíodh 363,000 lítear bainne ar an meán in aghaidh an táirgeora.

Úsáideadh 93% de sholáthairtí bainne intíre chun táirgí déiríochta a dhéanamh, a bhí lena n-onnmhairiú den chuid ba mhó, agus próiseáladh 7% de na soláthairtí lena gcaitheamh mar leacht sa mhargadh intíre.

Lean an patrún ard séasúrach sna soláthairtí intíre bainne in 2015, bunaithe ar tháirgeadh bainne féaraigh agus breith shéasúrach laonna, agus soláthraíodh 78% de na soláthairtí bainne sna seacht mí ó Mhárta go Meán Fómhair agus 22% sna cúig mhí ó Dheireadh Fómhair go Feabhra agus na míonna sin san áireamh.

Bhí cóimheas míosúil ard/íseal 7.6/1 ann i dtaca leis an bpróifíl soláthair bainne intíre, is é sin le rá, cóimheas míosúil ard/íseal 11.1/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne monarchan agus 2.3/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne cláraithe.

TÁBLA 1.1 SÉASÚRACHT NA SOLÁTHAIRTÍ BAINNE INTÍRE (DE RÉIR EARNÁLA)

Bliain	2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	Cóimheasa míosúla ard/íseal													
Monarú	11.1[1]	8.6	8.6	9.1	6.8	8.7	8.1	7.1	8.2	8.7	8.2	8.0	8.2	8.9
Leacht	2.3[1]	1.8	1.9	1.8	1.8	1.9	1.7	1.8	1.8	1.8	1.8	1.8	1.9	2.0
Uile	7.6[1]	5.9	5.8	5.6	5.1	5.8	4.9	5.4	5.6	5.7	5.5	5.5	5.6	6.1

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara/An Phríomhoifig Staidrimh

[1] Dá ndéanfaí ardluachanna agus íseal-luachanna na míonna a ríomh tar éis gur cuireadh deireadh leis an gcuóta AE, is éard a bheadh sna figiúirí ná 6.6, 1.7 agus 4.8.

FÍOR 1.2 SOLÁTHAIRTÍ INTÍRE, SOLÁTHAIRTÍ BAINNE MONARCHAN, SOLÁTHAIRTÍ DE RÉIR TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE AGUS CAITHEAMH BAINNE INA LEACHT (MÍOSÚIL) 2015



* Bainne a díoladh lena chaitheamh mar leacht laistigh den Stát, lena n-áirítear allmhairí bainne phacáistithe.

Foinsí: An Phríomhoifig Staidrimh/An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

1.2 Soláthairtí Bainne ó Tháirgeoirí Cláraithe

Tháinig méadú 5% ar mhéid iomlán na soláthairtí bainne ón 1,725 dtáirgeoir cláraithe sa Stát faoi chonarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad agus conarthaí Mhíonna an Gheimhridh Amháin in 2014/15 go dtí 858 milliún lítear (Aguisín 4 – Tábla A), i gcomparáid le 814 mhilliún lítear sa bhliain 2013/14. Tháinig an t-ardú sin sna sála ar dhíothú chuótaí bainne AE in Aibreán 2015 agus ar na dálaí breátha aimsire le haghaidh fás féir níos déanaí in 2015.

Ba ionann na soláthairtí i gcomhair próiseála lena gcaitheamh mar leacht agus 461 mhilliún lítear, nó 54% de na soláthairtí go léir ó tháirgeoirí bainne leachtaigh, agus ba ionann na soláthairtí i gcomhair próiseála le haghaidh táirgí déiríochta monaraithe agus 397 milliún lítear, nó 46% de na soláthairtí iomlána.

Is grúpa suntasach táirgeoirí iad na táirgeoirí bainne cláraithe san earnáil soláthair bainne intíre, agus cuimsíonn siad 10% de na táirgeoirí bainne go léir agus soláthraíonn siad 15% de na soláthairtí bainne intíre.

Ní hamháin go soláthraíonn siad na riachtanais bainne intíre ar feadh na bliana ar fad le haghaidh bainne a chaitear mar leacht ach soláthraíonn siad freisin os cionn 8% de na soláthairtí bainne monarchan ar fad don tír.

Bhí na soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe lena bpróiseáil mar bhainne lena chaitheamh mar leacht 5% níos mó ná díolacháin bainne úir na bpróiseálaithe in 2014/15, i gcomparáid le 11% in 2013/14, agus sin go príomha mar gheall ar shocruithe praghsanna idirthréimhseacha idir próiseálaithe agus táirgeoirí i ndiaidh chomhdhlúthú an tionscail.

FÍOR 1.3 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE INTÍRE 2015



Bhí soláthairtí bliantúla 522,000 lítear ag soláthraithe cláraithe faoi chonarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad in 2014/15 i gcomparáid le 456,000 lítear an bhliain roimhe sin – méadú 14%.

1.3 Soláthairtí Geimhridh Bainne

I gcúig mhí fhorordaithe an gheimhridh idir Deireadh Fómhair 2015 agus Feabhra 2016, sholáthair táirgeoirí cláraithe 309 milliún lítear san iomlán, sin méadú 39 milliún lítear nó 14% ar na soláthairtí in 2014/15, agus chuir siad clúdach soláthair 123% ar fáil de bhainne lena chaitheamh mar leacht (lena n-áirítear allmhairí), is é sin 250 milliún lítear, nó clúdach soláthair 167% ar chaitheamh ó sholáthairtí intíre amháin.

I nDeireadh Fómhair 2015 agus Eanáir 2016, sholáthair táirgeoirí cláraithe 117 milliún lítear san iomlán, sin méadú 15 mhilliún lítear nó 15% ar na soláthairtí in 2014/15, agus chuir siad clúdach soláthair 115% ar fáil de bhainne lena chaitheamh mar leacht (lena n-áirítear allmhairí), is é sin 102 mhilliún lítear, nó clúdach soláthair 155% ar chaitheamh ó sholáthairtí intíre amháin.

FÍOR 1.4 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE IN AGHAIDH NA MÍOSA AG TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE GNÍOMHACHA AGUS CAITHEAMH BAINNE LEACHTAIGH 2015/16 (NA MÍONNA FORORDAITHE DEIREADH FÓMHAIR 2015 – FEABHRA 2016)



Foinsí: An Phríomhoifig Staidrimh/An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

1.4 Allmhairí

Bhí allmhairí bulcbhainne isteach sa Stát i gcomhair próiseála ag uachtarlanna agus sáslach paistéartha ar na cinn ab airde riamh anuraidh agus ba ionann iad agus 594 mhilliún lítear, sin méadú 83 mhilliún lítear nó 16% i gcomparáid le 2014. Ba ghluaiseachtaí trasteorann a bhí in allmhairí bulcbhainne a tugadh ó Thuaisceart Éireann agus iad comhionann le 9% de na soláthairtí intíre agus le 26% de sholáthairtí bainne bliantúla Thuaisceart Éireann in 2015.

Ba ionann allmhairí bulcbhainne 532 mhilliún lítear i gcomhair próiseála ina dtáirgí déiríochta monaraithe sa Stát agus 90% de na hallmhairí iomlána bainne. Ba ionann allmhairí bulcbhainne 62 mhilliún lítear, i gcomhair próiseála lena gcaitheamh mar leacht sa Stát, agus 10% d'allmhairí bainne agus ba ionann iad agus méadú 10 milliún lítear, nó 19%, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Measadh gur allmhairíodh 94 mhilliún lítear bainne úir i bpacáistí tomhaltóirí, sin méadú 1 mhilliún lítear nó 1% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Ba ionann na hallmhairí bainne iomlána lena gcaitheamh mar leacht i bpacáistí tomhaltóirí agus i mbulc lena gcaitheamh mar leacht sa Stát agus 156 mhilliún lítear, méadú 11 mhilliún lítear, nó 8%, i gcomparáid le hallmhairí na bliana roimhe sin.

TÁBLA 1.5 ALLMHAIRÍ BULCBHAINNE MAR % DE SHOLÁTHAIRTÍ BAINNE INTÍRE 2000-2015

	2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	*1996*
	Milliúin lítear																
Soláthairtí	6,395	5,469	5,423	5,225	5,377	5,173	4,801	4,959	5,090	5,083	4,915	5,116	5,157	5,032	5,179	5,012	*5,144*
Allmhairí[1] (bulc)	594	511	411	406	356	388	427	464	473	566	550	377	349	278	209	304	–
Allmhairí mar %	9	9	8	8	7	8	9	9	9	11	11	7	7	5	4	6	–

[1] An Phríomhoifig Staidrimh

TABLE 1.6 PACKAGED AND BULK MILK IMPORTS FOR LIQUID CONSUMPTION 2000-2015

	2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	*1996*
	Milliúin lítear																
Pacaí do Thomhaltóirí	94*	93*	89	86	86	84	78	59	50	46	40	38	41	26	24	23	*0*
Bulc	62	52	57	59	65	58	57	63	62	58	55	55	48	42	50	43	*0*
Allmhairí Iomlána	156*	145*	146	145	151	142	135	122	112	104	95	93	89	68	74	66	*0*

* Meastachán de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne

FÍOR 1.7 AN SCIAR DEN MHARGADH INTÍRE BAINNE LEACHTAIGH ATÁ AG ALLMHAIRÍ 1996-2015



Bhí sciar 74% de mhargadh bainne úir an Stáit ag soláthairtí intíre, agus is sciar 26% den mhargadh céanna sin a bhí ag allmhairí.

Ó 1996 i leith tá méadú tagtha ar allmhairí bainne úir lena chaitheamh mar leacht go dtí thart ar 156 mhilliún lítear chun an méadú iomlán 65 mhilliún lítear ar chaitheamh bainne a chlúdach agus ionad 91 mhilliún lítear de sholáthairtí intíre a ghlacadh.

Tá sciar an mhargaidh de sholáthairtí intíre sa mhargadh bainne leachtaigh tite ó 100% in 1996 go dtí 74% in 2015, agus tá an sciar den mhargadh atá ag allmhairí méadaithe óna náid go dtí 26%.

Ba ionann iomlán na n-allmhairí bainne a thug próiseálaithe agus sáslach paistéartha isteach ó Thuaisceart Éireann agus 688 milliún lítear in 2015 agus iad comhionann le 11% de sholáthairtí bainne intíre agus le 30% de sholáthairtí bainne bliantúla Thuaisceart Éireann.

Tuaisceart Éireann – Soláthairtí Bainne/Praghsanna Bainne

Ba ionann méid na soláthairtí bainne i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2015 agus 2,266 mhilliún lítear, sin méadú 62 mhilliún lítear nó 3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus tháinig na soláthairtí sin ó 2,742 fheirmeoir déiríochta.

Ón mbliain 1993 i leith, tá méadú 957 milliún lítear, nó 73%, tagtha ar sholáthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann, Is méadú é ar éascaíodh dó mar gheall ar cheannach agus aistriú cuótaí bainne AE ón mBreatain Mhór.

TÁBLA 1.8 AN MÉID BAINNE A CAITHEADH INA LEACHT Ó SHOLÁTHAIRTÍ INTÍRE AGUS Ó ALLMHAIRÍ 2000-2015

	2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	*1996*
	Milliúin lítear																
Caitheamh	601	576	565	563	578	567	568	578	577	568	559	556	571	563	564	553	*536*
Soláthairtí intíre	445	431	419	418	427	425	433	456	465	464	464	463	482	495	490	487	*536*
Allmhairí Iomlána	156	145	146	145	151	142	135	122	112	104	95	93	89	68	74	66	*0*
Soláthairtí Baile mar % den Mhéid a Caitheadh	74	75	74	74	74	75	76	79	81	82	83	83	84	88	87	88	*100*
Allmhairí mar % den Mhéid a Caitheadh	26	25	26	26	26	25	24	21	19	18	17	17	16	12	13	12	*0*

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh/An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

Bhí soláthairtí bainne Thuaisceart Éireann comhionann le 35% de sholáthairtí bainne intíre an Stáit. Déantar os cionn 80% de sholáthairtí bainne bliantúla Thuaisceart Éireann a onnmhairiú mar tháirge deiridh nó mar bhainne amh.

TÁBLA 1.9 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE SA STÁT AGUS I dTUAISCEART ÉIREANN 2015

	Poblacht na hÉireann	Tuaisceart Éireann
Soláthairtí Iomlána – m. lítear	6,395	2,266
Meánmhéid Saill Ime mar %	4.03	3.98
Meánmhéid Próitéine mar %	3.50	3.25
Cóimheas míosúil ard/íseal	7.6/1	1.4/1
Soláthraithe – líon	17,600	2,742
Meánlíon soláthairtí in aghaidh an tsoláthraí – lítir	363,000	826,000

Ba é a bhí i meánmhéid na soláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an tsoláthraí i dTuaisceart Éireann in 2015 ná 826,000 lítear, is é sin le rá, níos mó ná dhá oiread mheánmhéid na soláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an tsoláthraí de 363,000 lítear sa Stát.

Tá difríocht mhór i gcónaí sa phatrún soláthair bhliantúil bainne i dTuaisceart Éireann i gcomparáid leis an Stát. Tá soláthairtí bainne ar fáil ar feadh na bliana go léir le cóimheas míosúil ard/íseal in 2014 de 1.4/1 i gcomparáid le 7.6/1 sa Stát.

FÍOR 1.10 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE IN AGHAIDH NA MÍOSA – AN STÁT AGUS TUAISCEART ÉIREANN 2015



TÁBLA 1.11 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE THUAISCEART ÉIREANN

	SOLÁTHAIRTÍ BAINNE	
	m. lítear	Innéacs
1993	*1,309*	*100*
2002	1,764	135
2003	1,772	135
2004	1,776	136
2005	1,865	142
2006	1,902	145
2007	1,918	146
2008	1,902	145
2009	1,772	135
2010	1,850	141
2011	1,977	150
2012	1,995	151
2013	2,008	153
2014*	2,204	168
2015	2,266	173

Foinse: DARDNI
*Athbhreithnithe

Sa bhliain 2015, ba é an glan-mheánphraghas bliantúil a íocadh le táirgeoirí as ucht soláthairtí bainne ar feadh na bliana ná 28.4 c/l, is é sin, laghdú 7.8 c/l nó 21% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Bhí mheánphraghas bliantúil an bhainne 0.55 c/l ní ba lú ná meánphraghas bliantúil an bhainne monarchan, is é sin 28.95 c/l ar sholáthairtí bainne monarchan sa Stát in 2015.

2. AN MARGADH BAINNE LEACHTAIGH

Tá margadh bainne úir na hÉireann ar an margadh tomhaltóirí is mó le haghaidh bainne agus táirgí bainne sa Stát, agus bhí luach miondíola measta €547 mhilliún aige in 2015.

Caitheadh 601 mhilliún lítear bainne leachtaigh úir sa tír anuraidh, méadú 25 mhilliún lítear nó 4% ar an méid a caitheadh in 2014. Tá tomhaltóirí na hÉireann ina measc siúd is mó a ólann bainne úr ar fud an domhain.

Ba ionann díolacháin bainne gan bhearradh anuraidh agus 59% de na díolacháin bainne úir, agus ba ionann díolacháin bainne beagmhéathrais agus bainne bearrtha agus an 41% eile.

Bhí meánphraghsanna miondíola náisiúnta an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítear agus an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 2 lítear in 2015, arna dtuairisciú ag an Phríomhoifig Staidrimh, cothrom le 105 c/l agus 172 c/2l faoi seach. Níor tháinig aon athrú ar mheánphraghas na bpacáistí 1 lítir amháin, agus tháinig laghdú 3 c/l nó 2% ar phraghas na bpacáistí 2 lítear i gcomparáid le 2014.

Díoladh thart ar 75% den bhainne úr i bpacáistí 2 lítear nó níos mó agus díoladh thart ar 25% de i bpacáistí 1 lítir amháin nó níos lú.

Ar bhonn an díolacháin sin, measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne gurbh é an meánphraghas miondíola náisiúnta sa tír i bpacáistí de gach méid ná 91 c/l in 2015 i gcomparáid le 92 c/l in 2014, sin laghdú 1 c/l nó 1%.

Ó 1995 go dtí 2011 thug an Phríomhoifig Staidrimh tuairisc ar mheánphraghas míosúil an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítir amháin, agus i rith na tréimhse sin d'ardaigh an praghas a bhí orthu de 34 c/l nó 44%. Ó Eanáir 2012, scoir an Phríomhoifig Staidrimh de bheith ag tuairisciú ar mheánphraghas míosúil an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítir amháin agus thosaigh sí ag tuairisciú ar phraghas an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin.

I dTábla 2.0, bhain an Ghníomhaireacht leas as meánphraghas an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin chun an praghasinnéacs tomhaltóirí in 2015 agus 2014 a ríomh. Tríd is tríd, is ionann an praghas atá ar bhainne gan bhearradh lena lipéad féin agus bainne beagmhéathrais lena lipéad féin i bpacáistí 1 lítir amháin i siopaí móra miondíola. I roinnt cásanna, áfach, d'fhéadfadh praghsanna miondíola brandaí bainne beagmhéathrais na bpróiseálaithe i bpacáistí 1 lítir a bheith níos airde ná praghsanna miondíola bhrandaí bainne gan bhearradh na bpróiseálaithe i bpacáistí 1 lítir amháin.

TÁBLA 2.0 INNÉACSANNA NA bPRAGHSANNA DO THOMHALTÓIRÍ/PRAGHSANNA BIA/PRAGHASANNA MIONDÍOLA BAINNE/PRAGHASANNA DO THÁIRGEOIRÍ

	2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	1995
An Praghasinnéacs Tomhaltóirí	150	151	151	150	148	144	145	153	147	140	135	132	129	124	119	113	107	106	103	102	100
An Praghasinnéacs Bia	135	136	140	142	139	140	145	150	142	134	132	133	133	129	123	116	112	108	104	102	100
An Praghasinnéacs Bainne Miondíola																					
– bainne beagmhéathrais[1]	136	136	138	136	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–
– bainne gan bhearradh[2]	–	–	–	–	144	144	145	144	118	110	110	110	112	110	108	105	104	104	104	104	100
An Praghasinnéacs Táirgeoirí[3]	97	116	118	104	108	99	89	115	108	93	94	98	98	100	102	98	98	98	100	104	100

Foinsí: An Phríomhoifig Staidrimh/An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

[1] An Phríomhoifig Staidrimh – Meánphraghas náisiúnta miondíola an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin (An Phríomhoifig Staidrimh ó Eanáir 2012).

[2] An Phríomhoifig Staidrimh – Meánphraghas náisiúnta miondíola an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítir amháin (An Phríomhoifig Staidrimh go Nollaig 2011).

[3] Ní áirítear íocaíochtaí préimhe déiríochta ó AE is iníoctha le faighteoirí incháilithe ó 2004 i leith.

TÁBLA 2.1 MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA MIONDÍOLA BAINNE – PRAGHSANNA BLIANTÚLA BAINNE DO THÁIRGEOIRÍ/SCIAR NA dTÁIRGEOIRÍ DE PHRAGHAS MIONDÍOLA AN BHAINNE

	2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002	2001	2000	1999	1998	1997	1996	1995
		c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l
Praghsanna Miondíola – bainne beagmhéathrais[1]	105	105	106	105	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–
– bainne gan bhearradh[2]	–	–	–	–	111	111	112	111	91	85	85	85	86	85	83	81	80	80	80	80	77
Praghsanna do Tháirgeoirí[3]	31.9	38.1	38.9	34.1	35.5	32.4	29.2	37.6	35.3	30.5	31.0	32.3	32.3	32.7	33.3	32.1	32.2	32.3	32.8	34.1	32.8
Praghas do Tháirgeoirí mar % de Mhiondíol[4]	30%	36%	37%	32%	32%	29%	26%	34%	39%	36%	36%	38%	38%	38%	40%	40%	40%	40%	41%	43%	43%

1 An Phríomhoifig Staidrimh – meánphraghas náisiúnta miondíola an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin (is ó Eanáir 2012 amháin a thugann an Phríomhoifig Staidrimh tuairisc ar bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin).

2 An Phríomhoifig Staidrimh – meánphraghas náisiúnta miondíola an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítir amháin.

3 An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne – meánphraghas náisiúnta don táirgeoir ar bhainne atá le próiseáil lena chaitheamh mar leacht.

4 An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne – Bunaithe ar mheastachán na Gníomhaireachta gurb é 91 c/l meánphraghas náisiúnta miondíola an bhainne úir i bpacáistí de na méideanna éagsúla go léir, bheadh praghas na dtáirgeoirí mar chéatadán den phraghas miondíola cothrom le 35% in 2015, i gcomparáid le 41% in 2014.

FÍOR 2.2 DÍOL BAINNE ÚIR – PRÓIFÍL TÁIRGE 2002-2015



Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh

An Margadh Miondíola

Is iad na miondíoltóirí an príomhbhealach dáileacháin le haghaidh bainne úr, agus is iad a dháileann 79% den bhainne úr ar fad. Dar le foinsí sa tionscal gur fhan lónadóireacht ag 11% agus bhí díol ag leac an dorais fós ag 10%.

Bhí 77% de sciar mhargadh grósaeireachta na hÉireann ag na trí ilghrúpa is mó in 2015 agus bhí sciar 94% den mhargadh ag na cúig ilghrúpa is mó.

TÁBLA 2.3 SCAIREANNA DEN MHARGADH GRÓSAEIREACHTA

	2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%	%
Tesco	24	25	26	27	28	27	26	26	26	26	26	25	23	24
SuperValu	25	25	20	20	20	20	20	20	20	20	20	19	19	19
Dunnes	24	24	24	23	23	23	25	24	24	22	22	22	21	22
Superquinn	–	–	5	6	5	7	7	8	8	8	8	9	8	9
Lidl/Aldi	17	16	14	12	12	12	11	10	7	6	6	5	6	1
Centra	4	4	4	4	4	2	2	2	2	3	2	3	3	3
Spar	4	4	4	4	4	2	2	2	2	2	2	3	3	2
Cinn eile	2	2	3	4	4	7	7	8	11	13	14	14	17	20
Iomlán	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100	100

Foinse: RGDATA – meastachán

FÍOR 2.4 SCIAR DEN MHARGADH 1999-2015



Foinse: Meastachán ón Tionscal

Tá miondíoltóirí lascaine, ar mhéadaigh a sciar den mhargadh grósaeireachta go dtí 17% in 2015, i measc na bpríomháiteanna ina ndíoltar allmhairí bainne úir phacáistithe.

I dtaca le margadh bainne úir na hÉireann, meastar go bhfuil os cionn 64% den bhainne in asraonta miondíola á dhíol anois mar bhainne féinlipéid, dar le foinsí sa tionscal.

Bhí bainne féinlipéid i bpacáistí 2 lítear á mhiondíol ar lascaine 21% ar an meán i gcomparáid le bainne brandáilte na bpróiseálaithe.

3. CONARTHAÍ CLÁRAITHE/PRAGHSANNA

TÁBLA 3.0 CINEÁLACHA CONARTHAÍ

Bliain Bhainne	Conarthaí Iomlána	Ar Feadh na Bliana ar Fad	Míonna Geimhridh
1995/96	3,344	3,206	138
1996/97	3,284	3,151	133
1997/98	2,908	2,783	125
1998/99	2,833	2,709	124
1999/00	2,762	2,642	120
2000/01	2,837	2,725	112
2001/02	2,720	2,620	100
2002/03	2,736	2,583	153
2003/04	2,656	2,510	146
2004/05	2,336	2,199	137
2005/06	2,282	2,104	178
2006/07	2,079	1,908	171
2007/08	2,008	1,861	147
2008/09	1,992	1,849	143
2009/10	1,995	1,862	133
2010/11	1,950	1,790	160
2011/12	1,936	1,824	112
2012/13	1,883	1,769	114
2013/14	1,867	1,759	108
2014/15	1,725	1,623	102

Clár Conarthaí amhail an 31 Nollaig gach bliain. Coinnítear an Clár Conarthaí mar chlár oscailte.

Féadfaidh Próiseálaithe agus Táirgeoirí conarthaí a chlárú i dtaca le blianta bainne aonair. Leantar de chlárú conarthaí ar feadh na bliana ar fad. Féach Clár na dTáirgeoirí in Aguisín 2.

- Laghdaigh líon na gconarthaí cláraithe soláthair bainne go dtí 1,725, sin laghdú 142 chonradh i gcomparáid leis an mbliain roimhe.
- Bhí conarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad (AYR) fós ar an bpríomhchineál conartha, agus chlúdaigh siad 94% de chonarthaí agus 99% de sholáthairtí bainne, mar a bhí amhlaidh an bhliain roimhe sin.
- Chlúdaigh conarthaí geimhridh 6% de na conarthaí agus 1% de na soláthairtí bainne.
- Tháinig laghdú 136, go dtí 1,623, ar chonarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad (AYR) agus tháinig laghdú 6, go dtí 102, ar líon na gconarthaí geimhridh.
- Le 10 mbliain anuas, tá líon na gconarthaí cláraithe laghdaithe ó 2,336 go dtí 1,725, laghdú 611, nó 26%.

TÁBLA 3.1 AICMIÚ CONARTHAÍ CLÁRAITHE DE RÉIR CINEÁIL/SOLÁTHAIRTÍ

	Conarthaí				Soláthairtí			
	2014/15		2013/14		2014/15		2013/14	
	Líon	%	Líon	%	m. lítear	%	m. lítear	%
Ar Feadh na Bliana ar Fad	1,623	94	1,759	94	455.1	99	469.2	99
Geimhreadh	102	6	108	6	5.8	1	6.2	1
Iomlán	1,725	100	1,867	100	460.9	100	475.4	100

- Na soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe in 2014/15, bhí siad 5% ní b'airde ná díolacháin bainne úir intíre, i gcomparáid le 11% in 2013/14. Ba amhlaidh a bhí den chuid ba mhó mar gheall ar shocruithe ceannaigh idirthréimhseacha idir próiseálaithe agus táirgeoirí tar éis comhdhlúthú.

3.1 CÓRAIS PHRAGHSÁLA CONARTHAÍ

- Baineann próiseálaithe leas as dhá chóras praghsála bainne nuair a cheannaíonn siad bainne ó tháirgeoirí le próiseáil lena chaitheamh mar leacht, is iad sin Córas Phraghas an Bhainne Monarchan móide Bónas (Córas MMP) agus Córas an Phraghais Chothroim (Córas COTHROM).
- Faoin gCóras MMP, bíonn praghas an bhainne nasctha le praghsanna míosúla bainne monarchan, mar aon le difreálaigh le haghaidh comhábhar bainne, agus íoctar é sin móide íocaíochtaí bónais geimhridh, idir íocaíochtaí athraitheacha agus íocaíochtaí seasta.
- Faoin gCóras COTHROM, íoctar as bainne ag praghas míosúil cothrom in aghaidh an lítir, gan aon difreálach praghais le haghaidh comhábhar bainne. Íoctar praghsanna níos airde i rith mhíonna an gheimhridh.
- In 2014/15, cuireadh an Córas MMP i bhfeidhm i gcás 85% de na conarthaí AYR, mar a bhí amhlaidh in 2013/14, agus i gcás 85% de sholáthairtí bainne i gcomparáid le 84% de sholáthairtí bainne in 2013/14.
- Cuireadh an Córas COTHROM i bhfeidhm i gcás 15% de na conarthaí AYR, mar a bhí amhlaidh in 2013/14, agus i gcás 15% de sholáthairtí bainne i gcomparáid le 16% díobh in 2013/14.

TÁBLA 3.2 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD DE RÉIR CINEÁIL AGUS CÓRAS PRAGHSÁLA

Córais Phraghsála	Conarthaí				Soláthairtí Bainne			
	2014/15		2013/14		2014/15		2013/14	
	Líon	%	Líon	%	m. lítear	%	m. lítear	%
CÓRAS MMP	1,384	85	1,503	85	386.7	85	394.3	84
CÓRAS COTHROM	239	15	256	15	68.4	15	74.9	16
AYR IOMLÁN	1,623	100	1,759	100	455.1	100	469.2	100

FÍOR 3.3 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/CONARTHAÍ 2014/15



Córas MMP 85%
Córas COTHROM 15%

FÍOR 3.4 CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ BAINNE 2014/15



Córas MMP 85%
Córas COTHROM 15%

FÍOR 3.5 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ 1999/00 – 2014/15



TÁBLA 3.6 MEÁNPHRAGHSANNA BAINNE BLIANTÚIL A ÍOCADH FAOI CHONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – 2014/15 & 2013/14

Córais Phraghsála	Praghsanna		Laghduithe ar Phraghsanna	Conarthaí	Soláthairtí Bainne
	2014/15	2013/14	2014/15	2014/15	2014/15
	c/lítear	c/lítear	c/lítear	líon	m. lítear
MMP	33.04	39.56	(6.52)	1,384	386.7
COTHROM	31.38	38.21	(6.83)	239	68.4
Conarthaí AYR	32.79	39.35	(6.56)	1,623	455.1

Baineann na praghsanna le conarthaí AYR faoina gcuirtear an Córas MMP agus an Córas COTHROM i bhfeidhm agus is praghsanna iad atá infhála ar bhainne ar fhágáil na feirme, gan CBL san áireamh agus gach bónas caighdeáin agus bónas eile san áireamh iontu, agus sula mbaintear pionóis agus tobhaigh reachtúla astu. Déantar praghsanna a ualú de réir na dtoirteanna a cheannaítear gach mí. I gcás conarthaí faoina gcuirtear an Córas MMP i bhfeidhm, bíonn na praghsanna nasctha le praghsanna monaraíochta míosúla agus bónais gheimhridh curtha leo, idir íocaíochtaí athraitheacha agus íocaíochtaí seasta. I gcás inar athraíodh an Córas Praghsála i gconradh i rith na bliana bainne, aicmítear an conradh de réir an phríomh-Chórais Praghsála a cuireadh i bhfeidhm.

- Ba é an meánphraghas a íocadh faoi chonarthaí an Chórais AYR MMP in 2014/15 ná 33.04 c/l, laghdú 6.52 c/l nó 16% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é an meánphraghas a íocadh faoi chonarthaí an Chórais AYR CHOTHROIM in 2014/15 ná 31.38 c/l, laghdú 6.83 c/l nó 18% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é an meánphraghas a íocadh faoi gach conradh AYR in 2014/15 ná 32.79 c/l, laghdú 6.56 c/l nó 17% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Bhí an meánphraghas bliantúil de 33.04 c/l faoin gCóras MMP 1.66 c/l níos airde ná an meánphraghas bliantúil a íocadh faoin gCóras COTHROM.
- Cheannaigh ochtar próiseálaithe soláthairtí faoin gCóras MMP ina gcuid conarthaí.
- Cheannaigh ceathrar próiseálaithe soláthairtí faoin gCóras COTHROM ina gcuid conarthaí.
- Cheannaigh beirt phróiseálaithe soláthairtí faoin gCóras COTHROM agus faoin gCóras MMP araon.
- Tá sceideal ina dtaispeántar meánphraghsanna bliantúla faoi chonarthaí AYR ó 1995/96 leagtha amach in Aguisín 3 (Tábla A).

FÍOR 3.7 CONARTHAÍ AYR – MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA MMP AGUS COTHROM 1995/96 – 2014/15



Féach Aguisín 3.

3.2 PRÍOMHCHONARTHAÍ AYR – PRAGHSANNA A ÍOCADH IN 2014/15 & 2013/14

- Seo thíos tábla ina bhfuil na meánphraghsanna bliantúla bainne a íocadh faoin dá chonradh déag AYR is mó toirt, lena gclúdaítear 86% de na conarthaí AYR agus 87% de sholáthairtí bainne AYR.

TÁBLA 3.8 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – NA PRAGHSANNA A ÍOCADH – AN 12 CHONRADH IS MÓ TOIRT

CONARTHAÍ AN CHÓRAIS MMP							
Cineálacha Conartha	Meánphraghsanna Bliantúla Móide Bónas[1]		Meán Bliantúil an Bhónais Mhíosúil		Bunphraghsanna		Athrú ar Mheánphraghsanna Bliantúla
	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	Laghduithe
	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l
A1	31.28	40.29	2.12	2.49	29.16	37.80	(9.01)
B1	32.45	38.41	2.26	1.55	30.19	36.86	(5.96)
B2	32.08	40.57	4.46	4.86	27.62	35.71	(8.49)
C2	31.29	39.16	1.73	2.25	29.56	36.91	(7.87)
C3	33.88	41.30	4.68	3.94	29.20	37.36	(7.42)
D	34.06	40.12	4.09	3.91	29.97	36.21	(6.06)
F	33.54	39.28	3.92	3.75	29.62	35.53	(5.74)

CONARTHAÍ AN CHÓRAIS CHOTHROIM							
Cineálacha Conartha	Meánphraghsanna Bliantúla[1]		Praghsanna Geimhridh		Praghsanna Samhraidh		Athrú ar Mheánphraghsanna Bliantúla
	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	Laghduithe
	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l	c/l
B	31.63	38.50	34.85	41.78	28.74	35.17	(6.87)
G	30.66	37.68	33.70	38.90	26.50	36.29	(7.02)
D1	29.86	36.70	33.35	37.88	25.94	35.19	(6.84)
J	31.42	38.49	35.03	40.53	28.12	36.63	(7.07)
H	32.10	39.43	35.82	43.20	28.00	35.01	(7.33)

[1] Gan CBL san áireamh

3.3 CONARTHAÍ GEIMHRIDH – PRAGHSANNA A ÍOCADH

TÁBLA 3.9 CONARTHAÍ GEIMHRIDH – PRAGHSANNA/SOLÁTHAIRTÍ IN 2014/15 & 2013/14

Córais Phraghsála	Conarthaí		Soláthairtí Bainne		2014/15	2013/14
	Líon	%	m. lítear	%	Meánphraghas – Míonna an Gheimhridh c/lítear	Meánphraghas – Míonna an Gheimhridh c/lítear
Córas MMP	78	76	4.3	75	42.85	49.03
Córas COTHROM	24	24	1.4	25	38.50	45.36
Iomlán	102	100	5.7	100	41.77	48.59

Faoi na conarthaí geimhridh, geallann táirgeoir bainne a sholáthar i gcomhair próiseála lena chaitheamh mar leacht i rith roinnt de mhíonna forordaithe an gheimhridh nó iad go léir (Deireadh Fómhair go Feabhra). Clúdaíodh 5.7 milliún lítear bainne faoin 102 chonradh geimhridh (laghdú 0.5 milliún lítear ar an mbliain roimhe sin) agus ba ionann é sin agus 6% de na conarthaí go léir agus 1% de na soláthairtí bainne.

3.4 GACH CONRADH – PRAGHSANNA A ÍOCADH – BLIANTA BAINNE

Ba é an meánphraghas a íocadh faoi gach conradh, idir Conarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad agus Conarthaí i leith Mhíonna an Gheimhridh Amháin in 2014/15 ná 32.90 c/l, laghdú 6.57 c/l nó 17% i gcomparáid leis an mbliain bhainne roimhe sin.

TÁBLA 3.10 PRAGHSANNA A ÍOCADH FAOI GACH CONRADH AGUS GACH CÓRAS PRAGHSÁLA IN 2014/15 & 2013/14

Tréimhse	2014/15 1,725 chonradh 461 ml	2013/14 1,867 gconradh 475 ml	Athruithe (142) Chonradh (14 ml)
	c/lítear	c/lítear	c/lítear
Míonna an Gheimhridh, Meán Fómhair-Márta (7)	36.48	42.35	(5.87)
Míonna an tSamhraidh, Aibreán-Lúnasa (5)	28.63	35.78	(7.15)
Meán Bliantúil	32.90	39.47	(6.57)

Baineann na praghsanna le conarthaí AYR agus conarthaí Geimhridh faoina gcuirtear an Córas MMP agus an Córas COTHROM i bhfeidhm agus is praghsanna iad atá infhála ar bhainne ar fhágáil na feirme, gan CBL san áireamh agus gach bónas caighdeáin agus bónas eile san áireamh iontu, agus sula mbaintear pionóis agus tobhaigh reachtúla astu. Déantar praghsanna a ualú de réir na dtoirteanna a cheannaítear gach mí. Déantar caighdeánú ar thréimhsí íocaíochta gach conartha go dtí tréimhse phréimhe seacht mí an gheimhridh agus tréimhse cúig mhí an tsamhraidh.

3.5 PRAGHSANNA BAINNE 2015

MEÁNPHRAGHSANNA BAINNE LEACHTAIGH AGUS PRAGHSANNA MONARCHAN IN AGHAIDH NA BLIANA

- Sa bhliain fhéilire 2015, ina n-áirítear na chéad trí mhí de bhliain bhainne 2015/16, ba é an meánphraghas bliantúil a íocadh faoi na conarthaí cláraithe go léir (AYR agus Geimhreadh) ná 31.88 c/l. Bhí an praghas sa bhliain fhéilire sin 1.02 c/l ní b'ísle ná an meánphraghas bliantúil 32.90 c/l a íocadh sa bhliain bhainne 2014/15 mar gheall ar phraghsanna ní b'ísle a d'íoc na próiseálaithe ar bhainne leachtach i ráithe deiridh na bliana 2015 i gcomparáid le ráithe deiridh na bliana 2014.
- In 2015, íocadh meánphraghas bliantúil 31.88 c/l faoi na conarthaí cláraithe go léir, an ceathrú praghas ab ísle riamh agus bhí sé sin 6.27 c/l ní b'ísle ná an meánphraghas bliantúil 38.15 c/l a íocadh in 2014.
- Ba é an meándreasacht bhliantúil leachtaigh a íocadh faoin gCóras MMP in 2015 ná 3.45 c/l, a bhí 0.13 c/l ní b'airde ná luach na bliana 2014.
- I gcás soláthairtí cláraithe a íocadh astu faoin gCóras MMP, ba é an meánphraghas bliantúil a íocadh ná 32.01 c/l, laghdú 6.20 c/l i gcomparáid le 2014.
- I gcás soláthairtí cláraithe a íocadh astu faoin gCóras COTHROM, ba é an meánphraghas bliantúil a íocadh ná 30.45 c/l, laghdú 6.84 c/l i gcomparáid le 2014. Bhí an praghas COTHROM 1.56 c/l ní b'ísle ná an meánphraghas bliantúil MMP.
- Ba ionann meánphraghas bliantúil soláthairtí bainne monarchan in 2015, gan CBL san áireamh agus tar éis táillí bailiúcháin, agus 28.95 c/l, laghdú 7.97 c/l, nó 22%, ar mheánphraghas bliantúil na soláthairtí sin in 2014, 36.92 c/l.
- Ba é an difríocht in 2015 idir meánphraghas bliantúil an táirgeora le haghaidh soláthairtí bainne lena gcaitheamh mar leacht, 31.88 c/l, agus meánphraghas bliantúil an táirgeora i gcomhair soláthairtí bainne monarchan, 28.95 c/l, ná 2.93 c/l, méadú 1.70 c/l i gcomparáid leis an difríocht 1.23 c/l in 2014.
- Bunaithe ar an gcion solad céanna tríd is tríd i soláthairtí bainne leachtaigh agus bainne monarchan in 2015, ba ionann an difríocht bhliantúil idir meánphraghas an bháine leachtaigh ar fud na tíre agus an meánphraghas náisiúnta monaraíochta agus suim mheasta 3.61 c/l, i gcomparáid le 1.64 c/l in 2014.
- Tá sceideal ina dtaispeántar meánphraghsanna bliantúla bainne don táirgeoir i gcomhair bainne lena chaitheamh mar leacht agus soláthairtí i gcomhair monaraíochta ó 1995 i leith leagtha amach in Aguisín 3 (Tábla B (i) agus (ii)).

FÍOR 3.11 PRAGHSANNA BAINNE DON TÁIRGEOIR – MEÁIN BHLIANTÚLA – BAINNE LEACHTACH/BAINNE MONARCHAN 1995-2015



4. PRÓISEÁLAITHE

TÁBLA 4.0 STRUCHTÚR NA gCONARTHAÍ CLÁRAITHE DE RÉIR BHANDAÍ SOLÁTHAIR NA bPRÓISEÁLAITHE CLÁRAITHE 2014/15

Bandaí Soláthair Bainne	Líon na bPróiseálaithe	Conarthaí Cláraithe		Soláthairtí Cláraithe	
m. lítear		líon	%	m. lítear	%
0-20	7	201	12	37.5	8
20-40	2	228	13	59.8	13
Os cionn 40	3	1,296	75	363.6	79
IOMLÁN	12	1,725	100	460.9	100

Amhail an 31 Nollaig 2015

- Tá struchtúr an tionscail thar a bheith comhchruinnithe. Ba iad trí phróiseálaí a raibh soláthairtí bliantúla de bhreis is 40 milliún lítear bainne acu a próiseáladh lena chaitheamh mar leacht ba bhun le 75% de na conarthaí cláraithe agus 79% de na soláthairtí cláraithe bainne. Áirítear i measc an 12 phróiseálaí chláraithe 2 phróiseálaí a bhí ina dtáirgeoirí cláraithe freisin.
- Bhí 15 n-ionad teaschóireála ceadúnaithe i dtaobh bainne a phróiseáil lena chaitheamh mar leacht sa Stát amhail an 31 Nollaig 2015, agus bhí 13 cinn de na gléasraí sin á n-oibriú ag an 12 phróiseálaí a bhí cláraithe leis an nGníomhaireacht.
- Bhí dhá phróiseálaí ann a oibríonn gléasraí sa Stát chun bainne a phróiseáil lena chaitheamh mar leacht (lena n-áirítear bainne UTC) agus ar próiseálaithe iad nach bhfuil cláraithe leis an nGníomhaireacht.
- Ba é a bhí sa mheánmhéid bliantúil soláthairtí bainne a próiseáladh in aghaidh an ionaid arna oibriú ag próiseálaithe cláraithe ná 35.5 milliún lítear.
- Baineadh próiseálaí amháin agus próiseálaí/táirgeoir amháin den chlár i rith na bliana.

AGUISÍN 1

CRUINNITHE NA GNÍOMHAIREACHTA

Comhaltaí	Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu in 2015
Donncha Ó Murchú – Cathaoirleach	6
Aodhán Ó Casthasaigh[3]	1
Tadhg Ó Ciosáin	6
Diarmuid Ó Crulaol[4]	5
Donncha Ó Faogáin	5
Liam Ó Lionnáin[3]	1
Pádraig Ó Maolagáin	6
Éamann Mac an tSagairt[4]	5
T.S. Ó Flannagáin[2]	5
Seoirse Ó Ciaráin[1]	0
Antaine Ó Drisceoil	6
Eoghan Mac Suibhne	3
Proinsias Tóibín	5
Uaitear Ó Maoldomhnaigh	5
Seán Foster	6
Risteard Ó Donnchú	6
Micheál Mac Giolla Chaoin	6

[1] Scoir sé den oifig ar an 13 Márta 2015
[2] Ceapadh é ar an 11 Meitheamh 2016
[3] Toghadh é ar an 27 Deireadh Fómhair 2015
[4] Scoir sé den oifig ar an 27 Deireadh Fómhair 2015

Thionóil an Ghníomhaireacht sé cinn de chruinnithe i rith na bliana agus d'fhreastail 88% de na comhaltaí orthu.

Bhí dhá chruinniú ag an gCathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach le hoifigigh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus thug siad an scéala is déanaí dóibh maidir le rialú an tsoláthair bhainne a phróiseáiltear lena chaitheamh mar leacht agus maidir le forbairtí in earnáil an bhainne leachtaigh.

Bíonn teagmháil rialta ag an nGníomhaireacht, trína feidhmeannas, le hionadaithe as Teagasc, ón gComhairle Náisiúnta Déiríochta, ón gCumann Náisiúnta Déiríochta, ó Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann, agus le grúpaí agus le heagraíochtaí eile.

D'iarr an Ghníomhaireacht comhairle ar eacnamaithe a bhfuil saineolas acu maidir le gnéithe éagsúla d'earnáil an bhainne leachtaigh i gcaitheamh na bliana.

Ba é an tUasal Éamonn McEnteggart ionadaí na Gníomhaireachta ar Bhord na Comhairle Náisiúnta Déiríochta in 2015.

Tionóladh dhá chruinniú den Choiste Iniúchóireachta in 2015.

AGUISÍN 2 – CLÁR NA dTÁIRGEOIRÍ – SOLÁTHAIRTÍ BAINNE/CÓRAIS PHRAGHSÁLA

A. CLÁR NA dTÁIRGEOIRÍ

Blianta Bainne	Táirgeoirí Cláraithe	Táirgeoirí Díchláraithe	Táirgeoirí Nua
1995/96	3,360	2	2,472
1996/97	3,344	57	41
1997/98	3,300	142	98
1998/99	3,181	129	10
1999/00	3,209	66	94
2000/01	3,359	25	175
2001/02	3,093	282	16
2002/03	3,133	58	98
2003/04	2,716	486	69
2004/05	2,575	194	53
2005/06	2,492	141	58
2006/07	2,520	12	40
2007/08	2,371	161	12
2008/09	2,357	69	55
2009/10	2,367	84	94
2010/11	2,352	87	72
2011/12	2,034	339	21
2012/13	2,044	10	20
2013/14	2,039	32	27
2014/15	1,982	86	28

Clár na dTáirgeoirí amhail an 31 Nollaig gach bliain.

Fágtar táirgeoirí ar an gClár go dtí go gcuirtear an Ghníomhaireacht ar an eolas go bhfuil táirgeoirí scortha go buan de bheith ag soláthar bainne lena phróiseáil lena chaitheamh mar leacht. I gcás roinnt táirgeoirí nach bhfuil conarthaí cláraithe acu, fágtar ar an gClár iad go dtí go bhfaighfear fógraí den sórt sin.

B. SOLÁTHAIRTÍ BAINNE CLÁRAITHE DE RÉIR CINEÁLACHA CONARTHA

Blianta Bainne	Iomlán	Ar Feadh na Bliana ar Fad	Míonna an Gheimhridh Amháin
	m. lítear	m. lítear	m. lítear
1995/96	497.3	488.4	8.9
1996/97	474.6	467.3	7.3
1997/98	434.6	427.3	7.3
1998/99	433.2	426.4	6.8
1999/00	436.9	428.7	8.2
2000/01	452.6	446.1	6.5
2001/02	458.7	451.6	7.1
2002/03	468.1	458.0	10.1
2003/04	465.5	457.4	8.1
2004/05	425.7	416.3	9.4
2005/06	438.7	427.4	11.3
2006/07	432.3	423.1	9.2
2007/08	454.8	446.3	8.5
2008/09	447.8	438.2	9.6
2009/10	435.6	427.5	8.1
2010/11	444.2	433.8	10.4
2011/12	435.0	428.5	6.5
2012/13	455.1	449.0	6.1
2013/14	475.4	469.2	6.2
2014/15	460.9	455.1	5.8

C. CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – CÓRAIS PHRAGHSÁLA

Blianta Bainne	Conarthaí	Córais Phraghsála		% MMP	% COTHROM
		MMP	COTHROM		
1995/96	3,206	471	2,735	15	85
1996/97	3,151	455	2,696	14	86
1997/98	2,783	373	2,410	13	87
1998/99	2,708	418	2,290	15	85
1999/00	2,642	373	2,269	14	86
2000/01	2,725	350	2,375	13	87
2001/02	2,620	338	2,282	13	87
2002/03	2,583	344	2,239	13	87
2003/04	2,510	435	2,075	17	83
2004/05	2,199	513	1,686	23	77
2005/06	2,104	515	1,589	24	76
2006/07	1,908	460	1,448	24	76
2007/08	1,861	475	1,386	25	75
2008/09	1,849	479	1,370	26	74
2009/10	1,862	549	1,313	30	70
2010/11	1,790	526	1,264	29	71
2011/12	1,824	1,499	325	82	18
2012/13	1,769	1,524	245	86	14
2013/14	1,759	1,503	256	85	15
2014/15	1,623	1,384	239	85	15

D. ALL YEAR ROUND CONTRACTS – SUPPLIES AND PRICING SYSTEMS

Blianta Bainne	Conarthaí	Córais Phraghsála		MMP	COTHROM
		MMP	COTHROM		
	m. lítear	m. lítear	m. lítear	%	%
1995/96	488.4	44.8	443.6	9	91
1996/97	467.3	72.7	394.6	15	85
1997/98	427.3	62.3	365.0	15	85
1998/99	426.4	76.4	350.0	18	82
1999/00	428.7	75.0	353.7	17	83
2000/01	446.1	62.5	383.6	14	86
2001/02	451.6	62.1	389.5	14	86
2002/03	458.0	61.6	396.4	13	87
2003/04	457.4	73.1	384.3	16	84
2004/05	416.3	116.3	300.0	28	72
2005/06	427.4	126.4	301.0	30	70
2006/07	423.1	136.8	286.3	32	68
2007/08	446.3	139.9	306.4	31	69
2008/09	438.2	126.9	311.3	29	71
2009/10	427.5	114.9	312.6	27	73
2010/11	433.8	130.8	303.0	30	70
2011/12	428.5	346.0	82.5	81	19
2012/13	449.0	389.5	59.5	87	13
2013/14	469.2	394.3	74.9	84	16
2014/15	455.1	386.7	68.4	85	15

AGUISÍN 3

PRAGHSANNA/DIFREÁLAIGH TÁIRGEOIRÍ BAINNE BLIANTÚLA AR AN MEÁN

TÁBLA A. CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – BLIANTA BAINNE 1995/96 GO DTÍ 2014/15 – MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA/CÓRAS MMP/CÓRAS COTHROM/DIFREÁLACHA

Blianta Bainne	Praghsanna ar an Meán	Praghsanna MMP ar an Meán	Praghsanna COTHROM ar an Meán	Praghas MMP v Praghas COTHROM
	c/l	c/l	c/l	c/l
1995/96	N/A	32.30	33.77	(1.47)
1996/97	N/A	32.28	33.46	(1.18)
1997/98	32.50	31.67	32.65	(0.98)
1998/99	32.19	30.64	32.65	(2.01)
1999/00	32.15	30.73	32.43	(1.70)
2000/01	32.93	32.36	33.01	(0.65)
2001/02	32.92	31.42	33.11	(1.69)
2002/03	32.28	31.13	32.56	(1.43)
2003/04	32.25	31.32	32.38	(1.06)
2004/05	31.30	30.11	31.74	(1.63)
2005/06	30.56	29.12	31.12	(2.00)
2006/07	32.11	31.85	32.25	(0.40)
2007/08	38.84	37.60	39.38	(1.78)
2008/09	30.24	27.45	31.35	(3.90)
2009/10	31.84	30.96	32.15	(1.19)
2010/11	34.68	35.35	34.37	0.98
2011/12	33.94	34.25	32.66	1.59
2012/13	37.42	37.44	37.19	0.25
2013/14	39.35	39.56	38.21	1.35
2014/15	32.79	33.04	31.38	1.66

TÁBLA B (i). PRAGHSANNA AN BHAINNE DON TÁIRGEOIR – MEÁIN BHLIANTÚLA – 1995-2015 PRAGHSANNA LEACHTACHA/PRAGHSANNA MONARCHAN/DIFREÁLACHA

Blianta Féilire	Praghsanna – Leachtach[1]	Praghsanna – Monarú[1]	Difreálach sa Phraghas
	c/l	c/l	c/l
1995	32.84	29.32	3.52
1996	34.07	29.26	4.81
1997	32.85	26.85	6.00
1998	32.31	28.37	3.94
1999	32.20	27.51	4.69
2000	32.09	28.21	3.88
2001	33.26	29.31	3.95
2002	32.70	27.06	5.64
2003	32.26	26.79	5.47
2004	32.26	26.84	5.42
2005	31.00	26.29	4.71
2006	30.51	25.36	5.15
2007	35.28	32.54	2.74
2008	37.58	32.24	5.34
2009	29.17	22.49	6.68
2010	32.44	29.62	2.82
2011	35.51	34.10	1.41
2012	34.10	31.15	2.95
2013	38.87	38.07	0.80
2014	38.15	36.92	1.23
2015	31.88	28.95	2.93

Foinsí: An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne/An Phríomhoifig Staidrimh

[1] Praghsanna gan CBL san áireamh, roimh thobhaigh agus tar éis táillí bailiúcháin

TÁBLA B (ii). PRAGHSANNA AN BHAINNE DON TÁIRGEOIR – MEÁIN BHLIANTÚLA – 2013-2015 PRAGHSANNA LEACHTACHA/PRAGHSANNA MONARCHAN/DIFREÁLACHA

Blianta Féilire	Praghsanna – Leachtach[1]	Praghsanna – Monarú[1]	Difreálach sa Phraghas
2013	38.87	37.67 [2]	1.20 [2]
2014	38.15	36.51 [2]	1.64 [2]
2015	31.88	28.27 [2]	3.61 [2]

Foinsí: An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne/An Phríomhoifig Staidrimh

[1] Praghsanna gan CBL san áireamh, roimh thobhaigh agus tar éis táillí bailiúcháin

[2] Coigeartaithe i leith choibhéis an mheánchion saille ime % agus próitéine %

AGUISÍN 4

TÁBLA A – STRUCHTÚR SHOLÁTHAIRTÍ BAINNE NA dTÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE – 2014/15 AGUS 2013/14

(i) CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD

Bandaí Soláthair Bliantúla	Táirgeoirí Cláraithe		Soláthairtí Iomlána		Soláthairtí lena gCaitheamh mar Leacht		Soláthairtí i gcomhair Monaraíochta		Meánsoláthairtí lena gCaitheamh mar Leacht		% de Tháirgeoirí Cláraithe		% de Sholáthairtí Iomlána		% de Sholáthairtí Leachtacha		Leacht Soláthairtí % Soláthairtí Iomlána	
Lítir	líon		m. lítear		m. lítear		m. lítear		'000 lítear									
	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14
<50,000	28	70	0.3	1.1	0.2	0.8	0.1	0.3	7	11	2	4	0	0	0	0	67	73
50,000-99,999	28	81	2.1	5.8	1.2	5.0	1.0	0.8	42	61	2	5	0	1	0	1	55	86
100,000-149,999	58	81	7.4	10.2	3.8	6.3	3.6	3.9	66	77	4	5	1	1	1	1	51	62
150,000-199,999	68	93	12.2	16.2	5.7	9.6	6.5	6.6	84	103	4	5	1	2	1	2	47	59
200,000-249,999	107	119	24.3	26.9	14.0	15.1	10.3	11.8	131	127	6	7	3	3	3	3	58	56
250,000-299,999	123	143	34.0	39.2	18.0	20.7	16.0	18.5	146	145	7	8	4	5	4	4	53	53
300,000-349,999	142	152	46.2	49.0	22.5	26.1	23.6	22.9	158	171	9	9	5	6	5	6	49	53
350,000-399,999	147	180	55.2	67.2	25.7	36.4	29.5	30.8	201	202	9	10	7	8	5	8	47	54
400,000-449,999	150	129	63.5	54.8	30.4	28.7	33.1	26.1	203	222	9	7	7	7	7	6	48	52
450,000-499,999	118	126	55.9	59.8	27.4	30.3	28.5	29.5	232	240	7	7	7	8	6	7	49	51
500,000-599,999	188	178	102.7	97.2	54.2	55.7	48.5	41.5	288	313	12	10	12	12	12	12	53	57
600,000-699,999	125	107	81.2	69.3	43.0	38.9	38.2	30.4	344	363	8	6	10	9	10	8	53	56
Os cionn 700,000	341	300	362.6	306.1	209.0	195.6	153.6	110.5	613	652	21	17	43	38	46	42	58	64
AYR IOMLÁN	1,623	1,759	847.6	802.8	455.1	469.2	392.5	333.6	280	267	100	100	100	100	100	100	54	58

(ii) CONARTHAÍ I LEITH MHÍONNA AN GHEIMHRIDH AMHÁIN

IOMLÁN	102	108	10.3	11.3	5.8	6.2	4.5	5.1

(iii) NA CONARTHAÍ GO LÉIR

IOMLÁN	1,725	1,867	857.9	814.1	460.9	475.4	397.0	338.7

Foinse: An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

Figiúirí slánaithe.

AGUISÍN 4 – STRUCHTÚR SHOLÁTHAIRTÍ BAINNE NA dTÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE

TÁBLA B – STRUCHTÚR NA SOLÁTHAIRTÍ BAINNE INTÍRE AGUS SOLÁTHAIRTÍ BAINNE LEACHTAIGH (GACH CONRADH) ARNA nAICMIÚ DE RÉIR BANDAÍ SOLÁTHAIR BLIANTÚLA 2014/15 AGUS 2013/14

	Táirgeoirí										Soláthairtí Bainne									
Bandaí Soláthair Bliantúla	Gach Táirgeoir Gníomhach		Táirgeoirí Cláraithe		Gach Táirgeoir		Táirgeoirí Cláraithe		Táirgeoirí Cláraithe % Gach Táirgeoir		Soláthairtí Bainne Intíre Blianta dar Chríoch an 31 Márta		Soláthairtí na dTáirgeoirí Cláraithe Blianta dar Chríoch an 30 Meán Fómhair		% de Sholáthairtí Intíre Gach Táirgeora		% de Sholáthairtí Táirgeoirí Cláraithe		Soláthairtí na dTáirgeoirí Cláraithe % de Sholáthairtí Intíre	
	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14	2014/15	2013/14
Lítir	Líon		Líon		%	%	%	%	%	%	ml	ml	ml	ml	%	%	%	%	%	%
<50,000	670	450	59	96	4	3	3	5	9	21	19	14	1.1	1.6	0	0	0	0	6	11
50,000-100,000	1,290	1,160	53	115	7	6	3	6	4	10	99	90	4.1	8.5	2	2	0	1	4	9
100,001-200,000	3,608	4,018	162	208	21	22	9	11	5	5	548	618	24.6	31.0	10	11	3	4	4	5
200,001-250,000	2,114	2,688	111	127	12	15	6	7	5	5	476	603	25.1	28.8	8	11	3	4	5	5
250,001-300,000	2,019	2,420	125	145	11	14	7	8	6	6	555	668	34.5	39.7	10	12	4	5	6	6
300,001-350,000	1,933	1,823	146	156	11	10	9	8	8	9	628	590	47.5	50.3	11	11	6	6	8	9
350,001-400,000	1,555	1,423	147	180	9	8	9	10	9	13	580	528	55.1	67.2	10	10	6	8	10	13
400,001-450,000	1,056	954	150	129	6	5	9	7	14	14	448	403	63.6	54.8	8	7	7	7	14	14
> 450,000	3,355	2,945	772	711	19	17	45	38	23	24	2,298	1,949	602.4	532.2	41	36	71	65	26	27
Iomlán	17,600	17,881	1,725	1,867	100	100	100	100	10	10	5,651	5,463	858.0	814.1	100	100	100	100	15	15

Foinsí: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara – Blianta bainne AE 2013/14 agus 2014/15 dar chríoch an 31 Márta 2015 agus 2014 faoi seach.
An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne – Blianta bainne 2014/15 agus 2013/14 dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2015 agus 2014 faoi seach.

AGUISÍN 5

TUARASCÁLACHA AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA gCOMHALTAÍ

Faoi Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, ceanglaítear ar na comhaltaí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach tréimhse airgeadais, ina dtugtar léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne agus ar bharrachas nó easnamh na Gníomhaireachta i leith na tréimhse sin. Tá sé roghnaithe ag na comhaltaí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS102 An Caighdeán Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ("creat tuairiscithe airgeadais iomchuí"). Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na comhaltaí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú le haghaidh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a luadh cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus a thabhairt ar aird éifeacht agus cúiseanna aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Ghníomhaireacht i mbun gnó.

Dé réir an Achta, tá na comhaltaí freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád agus leabhair agus taifid eile a choimeád de réir mar is gá chun léargas fíorcheart a thabhairt ar ghnó agus ar ghnóthaí na Gníomhaireachta. Tá na comhaltaí freagrach freisin as sócmhainní na Gníomhaireachta a choinneáil slán agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun cosaint leordhóthanach a thabhairt chuige sin.

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH

CHUIG COMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA NÁISIÚNTA BAINNE

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015, ina gcuimsítear an Ráiteas ar Ioncam agus Ciste Carntha, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go 14 a ghabhann leo. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus FRS102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ("creat tuairiscithe airgeadais iomchuí").

Is faoi bhráid chomhaltaí na Gníomhaireachta amháin a chuirtear an tuarascáil seo, mar chomhlacht, de réir Alt 18(1) d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994. Chuireamar an obair iniúchóireachta i gcrích ionas gur féidir linn na nithe sin a shonrú do chomhaltaí na Gníomhaireachta nach mór iad a shonrú dóibh i dtuarascáil iniúchóra, agus chun na críche sin amháin. A mhéid is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht do dhuine ar bith seachas an Ghníomhaireacht agus comhaltaí na Gníomhaireachta mar chomhlacht as ár gcuid oibre iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar ar thángamar.

Freagrachtaí na gComhaltaí agus na nIniúchóirí faoi seach

Mar a míníodh ar bhonn níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí, tá na comhaltaí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fíorcheart. Tá sé d'fhreagracht orainne iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Faoin na caighdeáin sin, ceanglaítear orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid é. Cuimsítear leis sin measúnú a dhéanamh ar cé acu an oireann nó nach n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí na Gníomhaireachta, agus cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go himleor iad; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na comhaltaí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá sna Tuarascálacha agus sna Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis a shainaithint ar cosúil í a bheith mícheart go hábhartha a aithint ar bhonn an eolais a fuaireamar le linn dúinn a bheith i mbun an iniúchta, nó nach dtagann go hábhartha leis an eolas sin. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha.

Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

Is é ár dtuairim é go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir an chreata tuairiscithe airgeadais iomchuí, ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar an mbarrachas don bhliain dar chríoch ar an dáta sin.

Deloitte
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Baile Átha Cliath

An 22 Márta 2016

RÁITEAS AR IONCAM AGUS CISTE CARNTHA

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

		2015	2014
	Nótaí	**€**	€
IONCAM			
Tobhach bainne – oibríochtaí leanúnacha	*3*	**511,900**	496,548
Ús ar thaiscí		**4,027**	8,012
		515,927	504,560
CAITEACHAS			
Tuarastail agus aoisliúntas	*4*	**322,760**	321,536
Costais riaracháin	*5*	**179,972**	172,655
Dímheas		**2,378**	2,465
CAITEACHAS IOMLÁN		**505,110**	496,656
BARRACHAS ROIMH CHÁNACHAS		**10,817**	7,904
Cánachas	*6*	**–**	–
BARRACHAS DON BHLIAIN AIRGEADAIS TAR ÉIS CÁNACHAIS		**10,817**	7,904
Ciste Carntha ag tús na tréimhse tuairiscithe		**1,072,180**	1,064,276
Ciste Carntha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe		**1,082,997**	1,072,180

CLÁR COMHARDAITHE

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015

	Notaí	2015 €	2014 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní inláimhsithe	*7*	**2,858**	5,236
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	*8*	**124,858**	123,830
Airgead sa bhanc agus ar láimh		**986,078**	1,007,599
		1,110,936	1,131,429
DLITEANAIS REATHA			
CREIDIÚNAITHE (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	*9*	**(30,797)**	(64,485)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		**1,080,139**	1,066,944
GLANSÓCMHAINNÍ		**1,082,997**	1,072,180
ARNA nIONADÚ AG:			
Ciste Carntha		**1,082,997**	1,072,180

D'fhaomh na Comhaltaí na ráitis airgeadais ar an 22 Márta 2016.

Donncha Ó Murchú
Cathaoirleach

Seán Foster
Comhalta

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

	Notaí	**2015**	2014
		€	€
GLANSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	*13*	**(25,548)**	(27,807)
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Ús ar thaiscí		**4,027**	8,012
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe		**–**	(2,350)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		**4,027**	5,662
LAGHDÚ GLAN AR AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID		**(21,521)**	(22,145)
Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana airgeadais		**1,007,599**	1,029,744
AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID AG DEIREADH NA BLIANA AIRGEADAIS		**986,078**	1,007,599
RÉITEACH LE hAIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		**19,813**	77,827
Taiscí Airgid		**966,265**	929,772
		986,078	1,007,599

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tugtar achoimre thíos ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Ghníomhaireacht. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana airgeadais agus i leith na bliana airgeadais roimhe sin.

Eolas ginearálta agus bonn cuntasaíochta
Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne faoi Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994 chun an soláthar bainne lena chaitheamh mar leacht a rialú ar fud an Stáit. Cuimsítear sa Ghníomhaireacht cathaoirleach agus 13 chomhalta a dhéanann ionadaíocht ar leasanna táirgeoirí, próiseálaithe, dáileoirí, miondíoltóirí agus tomhaltóirí bainne. Tá an Ghníomhaireacht cistithe ag an tionscal trí thobhaigh ar bhainne a cheannaítear lena phróiseáil lena chaitheamh mar leacht. Tá an oifig chláraithe i dTeach IPC, 35-39 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus é mionathraithe chun míreanna áirithe a chur san áireamh ar a luach cóir, agus de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, agus arna fhógairt lena úsáid in Éirinn ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Rinneadh ráitis airgeadais na bliana roimh seo a athluadh i dtaobh coigeartuithe ábhartha maidir le cur i láthair ar ghlacadh FRS 102 sa bhliain reatha. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach nóta 14.

Gnóthas leantach
Tá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne, mar aon le tosca ar dóigh go mbeidh tionchar acu ar a forbairt, a feidhmíocht agus a seasamh sa todhchaí, leagtha amach sna ráitis airgeadais. Íocann an Ghníomhaireacht a cuid riachtanas i dtaobh caipiteal oibre ó lá go lá trína cúlchistí airgid. Tá ionchas réasúnach ag comhaltaí an bhoird go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an nGníomhaireacht chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Mar sin, tá siad ag cloí leis an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú.

Ioncam
Faightear ioncam ó thobhach 0.115 cent in aghaidh an lítir bainne a cheannaítear lena chaitheamh mar leacht agus tá sé iníoctha ag próiseálaithe bainne faoi Alt 8 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994. Tá an tobhach bainne infhaighte atá áirithe sna ráitis airgeadais bunaithe ar fháltais ó phróiseálaithe nó a gcuid soláthairtí bainne measta i gcás nach bhfuarthas aon fháltais.

Ioncam Infheistíochta
Déanfar an tIoncam Infheistíochta a thaifeadadh ar bhonn infhála.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe
Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha.

Dímheas
Déantar an dímheas a ríomh d'fhonn costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar thréimhse a saol úsáideach tuartha mar seo a leanas:

Troscán	10 mbliana
Trealamh oifige	5 bliana
Trealamh ríomhaireachta	3 bliana

Pinsin
D'fhaomh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Scéim Aoisliúntais Fhoireann na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne 2010 le toiliú an Aire Airgeadais ar an 30 Samhain 2010. Tá an Scéim leagtha amach in I.R. Uimh. 588 de 2010.

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

Pinsin (ar Lean)

Tá sé deimhnithe ag an Roinn Airgeadais don Ghníomhaireacht go n-íocfaidh an Státchiste as gach sochar aoisliúntais do na fostaithe inphinsin (lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach) de chuid na Gníomhaireachta, agus i ndáil leo. Dheimhnigh an Roinn Airgeadais nach sáróidh ráta ranníocaíochta an fhostóra 162/3%. Ina theannta sin, dheimhnigh an Roinn Talmhaíochta agus Bia gurb amhlaidh, faoi réir na híocaíochta ón nGníomhaireacht leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia i leith na ranníocaí fostóra agus fostaí go léir a bailíodh go dtí seo agus a bhaileofar amach anseo, go mbeidh an Roinn freagracht as teidlíochtaí aoisliúntais chomhaltaí na Scéime beartaithe a íoc i leith a mballraíochta sa Scéim sin agus sa Scéim Phinsin a bhíodh i bhfeidhm ag Bord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath.

Faoi FRS 102 ceadaítear go dtabharfaí cuntas ar scéimeanna sochar sainithe (pleananna stáit) amhail is gur scéimeanna ranníocaíochta sainithe iad gan aon cheanglas luach cóir shócmhainní agus dhliteanais na scéime a chur san áireamh ná dliteanais na scéime a nochtadh. Dá réir sin, measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne gurb amhlaidh, toisc go mbeidh an éifeacht chéanna ag an socrú sin is a bheadh ag scéim ranníoca shainithe, nach gá aon nochtadh breise a dhéanamh faoi FRS 102.

Is ionann an costas pinsin agus na ranníocaíochtaí atá iníoctha ag an nGníomhaireacht agus cuirtear iad de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus an Ciste Carntha de réir mar a thabhaítear iad.

Léasanna Oibriúcháin

Cuirtear cíosanna faoi léasanna oibriúcháin de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus an Ciste Carntha de réir mar a thabhaítear iad.

Cánachas

Tá an Ghníomhaireacht áirithe mar chomhlacht díolmhaithe faoin Ordú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Leasú ar Sceideal 4), 2002, le héifeacht ón 30 Nollaig 1994. Faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, áfach, níl ús taisce a eascraíonn i dtaca le comhlachtaí stát-urraithe neamhthráchtála sainithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne, i dteideal díolúine a fháil ó cháin choinneála ar ús taisce.

Financial Instruments

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais mar ioncam tráth a thagann an Ghníomhaireacht chun bheith ina páirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime. Déantar dliteanais airgeadais a aicmiú de réir shubstaint na socruithe conarthacha arna ndéanamh.

Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Déantar gach sócmhainn agus dliteanas airgeadais a thomhas ar dtús ar phraghas an idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), ach amháin i gcás na sócmhainní airgeadais atá aicmithe ar a luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, a ndéantar iad a thomhas ar dtús ar a luach cóir (praghas an idirbhirt lúide costais an idirbhirt, de ghnáth), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais a thomhas ar dtús ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraime den chineál céanna.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh sa chlár comhardaithe ach amháin sa chás inarb ann do cheart infheidhmithe le dlí na suimeanna a aithnítear a fhritháireamh agus ina bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht réiteach ar bhonn glan, nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach an tráth céanna.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó b) nuair a aistríonn an Ghníomhaireacht chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó c) nuair a d'aistrigh an Ghníomhaireacht rialú na sócmhainne chuig páirtí eile, cé gur choinnigh sí roinnt de na rioscaí agus sochair shuntasacha a bhain le húinéireacht na sócmhainne, ach ní iad go léir.

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

Sócmhainní agus dliteanais airgeadais (ar lean)

Ní dhéantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint ach amháin nuair a dhéantar an oibleagáid a shonraítear sa chonradh a urscaoileadh nó a chur ar ceal nó nuair a rachaidh sí in éag.

2. BREITHIÚNAIS CHUNTASAÍOCHTA RÍTHÁBHACHTACHA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ ÉIGINNTEACHTA I dTAOBH MEASTACHÁIN

Agus beartais chuntasaíochta na Gníomhaireachta, a bhfuil cur síos orthu i nóta 1, á gcur i bhfeidhm, ceanglaítear ar na comhaltaí breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana, nach bhfuil iontach soiléir ó fhoinsí eile, a dhéanamh faoi shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas. Bíonn na meastacháin agus na boinn tuisceana is bonn leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar a bheith ábhartha. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú leanúnach ar na meastacháin agus ar a mboinn tuisceana. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú más rud é gur sa tréimhse sin amháin a bhíonn tionchar ag an athbhreithniú nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus tréimhsí ina diaidh sin má bhíonn tionchar ag an athbhreithniú ar an tréimhse reatha agus tréimhsí sa todhchaí araon.

Tá eolas faoi bhreithiúnais ríthábhachtacha i dtaobh chur i bhfeidhm na mbeartas cuntasaíochta a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais san áireamh sna beartais chuntasaíochta agus sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

3. AN TOBHACH BAINNE

Tá tobhach 0.115 cent in aghaidh an lítir bainne a cheannaítear i gcomhair próiseála lena chaitheamh mar leacht iníoctha ag próiseálaithe bainne faoi Alt 8 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

Tá an tobhach bainne infhaighte atá áirithe sna ráitis airgeadais bunaithe ar fháltais ó phróiseálaithe nó a gcuid soláthairtí bainne measta i gcás nach bhfuarthas aon fháltais.

4. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

	2015	2014
	Líon	Líon
MEÁNLÍON FOSTAITHE:		
Foireann	**5**	5

	2015	2014
	€	€
Tuarastail	**261,044**	259,904
Costais leasa shóisialaigh	**18,442**	18,442
Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra	**43,274**	43,190
	322,760	321,536

4. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR (AR LEAN)

B'fhiú €94,477 cúiteamh na bliana don phríomhlucht bainistíochta, lena n-áirítear olltuarastal €80,977 agus ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra €13,500, atá ag teacht araon le scálaí ceadaithe pá sa tSeirbhís Phoiblí (2014: tuarastal comhlán €80,977 agus ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra €13,500).

5. COSTAIS RIARACHÁIN

	2015	2014
	€	€
Speansais foirne	**30,678**	30,796
Speansais na gComhaltaí	**20,038**	20,549
Luach saothair an Chathaoirligh	**8,978**	8,978
Stáiseanóireacht	**2,768**	2,149
Tuarascáil bhliantúil	**11,050**	8,737
Teileafón	**6,233**	4,803
Postas	**4,582**	3,021
Foilseacháin	**1,777**	2,550
Táillí dlí	**17,626**	19,233
Táillí comhairleachta	**1,827**	5,809
Táillí iniúchóireachta	**4,388**	4,305
Cíos agus rátaí	**40,187**	35,185
Árachas	**3,198**	3,101
Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla	**5,547**	7,868
Deisiúchán agus athnuachan	**3,939**	3,851
Ilghnéitheach	**11,975**	11,720
Toghchán	**5,181**	–
	179,972	172,655

6. CÁNACHAS

Tá an Ghníomhaireacht áirithe mar chomhlacht díolmhaithe faoin Ordú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Leasú ar Sceideal 4), 2002, le héifeacht ón 30 Nollaig 1994. Faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, áfach, níl ús taisce a eascraíonn i dtaca le comhlachtaí stát-urraithe neamhthráchtála sainithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne, i dteideal díolúine a fháil ó cháin choinneála ar ús taisce. Cuirtear ús taisce i láthair glan ar cháin coinneála ar ús taisce de €2,798 (2014: €5,568).

7. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

	Troscán	Trealamh oifige	Trealamh ríomhaireachta	Iomlán
	€	€	€	€
COSTAS:				
Amhail an 1 Eanáir 2015 agus Amhail an 31 Nollaig 2015	**12,658**	**23,711**	**77,851**	**114,220**
DÍMHEAS:				
Amhail an 1 Eanáir 2015	12,658	22,266	74,060	108,984
Curtha de mhuirear sa bhliain	–	482	1,896	2,378
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2015	**12,658**	**22,748**	**75,956**	**111,362**
Glanmhéideanna de réir na leabhar: Amhail an 31 Nollaig 2015	**–**	**963**	**1,895**	**2,858**
Amhail an 31 Nollaig 2014	–	1,445	3,791	5,236

8. FÉICHIÚNAITHE (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	2015	2014
	€	€
Tobhach bainne infhaighte	**121,932**	117,977
Réamhíocaíochtaí	**2,499**	2,495
Féichiúnaithe eile	**427**	3,358
	124,858	123,830

9. CREIDIÚNAITHE (Méideanna atá laistigh de bhliain amháin)

	2015	2014
	€	€
Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra	**–**	37,281
Fabhruithe agus creidiúnaithe eile	**22,876**	20,055
ÍMAT/ÁSPC/MSU	**7,921**	7,149
	30,797	64,485

10. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Tugtar achoimre thíos ar shuimeanna glanluacha shócmhainní agus dliteanas airgeadais na Gníomhaireachta de réir catagóire:

	2015	2014
	€	€
SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS		
Arna dtomhas ar an méid neamhlascainithe atá iníoctha		
• Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí (nóta 8)	**124,858**	123,830

DLITEANAIS AIRGEADAIS		
Arna dtomhas ar an méid neamhlascainithe atá iníoctha		
• Fabhruithe agus nithe iníoctha eile (nóta 9)	**30,797**	64,485

11. CEANGALTAIS AIRGEADAIS

Seo thíos iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta amach anseo faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú i leith maoine:

	2015	2014
	€	€
Laistigh de bhliain amháin	**25,580**	25,580
Idir bliain amháin agus cúig bliana	**25,580**	51,160
	51,160	79,740

12. SCÉIM AOISLIÚNTAIS FHOIREANN NA GNÍOMHAIREACHTA NÁISIÚNTA BAINNE 2010

D'fhaomh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Scéim Aoisliúntais Fhoireann na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne 2010 le toiliú an Aire Airgeadais ar an 30 Samhain 2010. Tá an Scéim leagtha amach in I.R. Uimh. 588 de 2010.

Tá sé deimhnithe ag an Roinn Airgeadais don Ghníomhaireacht go n-íocfaidh an Státchiste as gach sochar aoisliúntais do na fostaithe inphinsin (lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach) de chuid na Gníomhaireachta, agus i ndáil leo. Dheimhnigh an Roinn Airgeadais nach sáróidh ráta ranníocaíochta an fhostóra 162/3%. Ina theannta sin, dheimhnigh an Roinn Talmhaíochta agus Bia gurb amhlaidh, faoi réir na híocaíochta ón nGníomhaireacht leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia i leith na ranníocaí fostóra agus fostaí go léir a bailíodh go dtí seo agus a bhaileofar amach anseo, go mbeidh an Roinn freagracht as teidlíochtaí aoisliúntais chomhaltaí na Scéime beartaithe a íoc i leith a mballraíochta sa Scéim sin agus sa Scéim Phinsin a bhíodh i bhfeidhm ag Bord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath.

12. SCÉIM AOISLIÚNTAIS FHOIREANN NA GNÍOMHAIREACHTA NÁISIÚNTA BAINNE 2010 (AR LEAN)

Faoi FRS 102 ceadaítear go dtabharfaí cuntas ar scéimeanna sochar sainithe (pleananna stáit) amhail is gur scéimeanna ranníocaíochta sainithe iad gan aon cheanglas luach cóir shócmhainní agus dhliteanais na scéime a chur san áireamh ná dliteanais na scéime a nochtadh. Dá réir sin, measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne gurb amhlaidh, toisc go mbeidh an éifeacht chéanna ag an socrú sin is a bheadh ag scéim ranníoca shainithe, nach gá aon nochtadh breise a dhéanamh faoi FRS 102.

Ba é an costas iomlán a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Ciste Carntha sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 ná €43,274 (2014: €43,190).

13. RÉITEACH AN BHARRACHAIS ROIMH CHÁNACHAS LEIS AN nGLANSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

	2015	2014
	€	€
Réiteach an bharrachais le hairgead ó ghníomhaíochtaí		
BARRACHAS DON BHLIAIN AIRGEADAIS ROIMH CHÁNACHAS	**10,817**	7,904
Coigeartú le haghaidh:		
Ús ar thaiscí	**(4,027)**	(8,012)
Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe	**2,378**	2,465
SREABHADH AIRGID OIBRIÚCHÁIN ROIMH GHLUAISEACHT SA CHAPITEAL OIBRE	**9,168**	2,357
Méadú ar fhéichiúnaithe	**(1,028)**	(20,517)
Laghdú ar chreidiúnaithe	**(33,688)**	(9,647)
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	**(25,548)**	(27,807)

14. MÍNIÚ AR AN AISTRIÚ CHUIG FRS 102

Seo é an chéad bhliain inar chuir an Ghníomhaireacht i láthair a cuid ráiteas airgeadais faoi na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais. Bhain na ráitis airgeadais deiridh faoin ngnáthchleachtas cuntasaíochta in Éirinn roimhe seo leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014 agus dá bhrí sin ba é an 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe chuig FRS 102. Mar thoradh ar ghlacadh FRS 102, tá roinnt beartas cuntasaíochta athraithe chun an caighdeán sin a chomhlíonadh. Ní fhágann aon cheann de na hathruithe sin go ndearnadh coigeartú ar an gCiste Carntha a tuairiscíodh faoin ngnáthchleachtas cuntasaíochta in Éirinn roimhe seo amhail an 31 Nollaig 2014 ná an 1 Eanáir 2014 agus níor imríodh aon tionchar ar an mbarrachas a tuairiscíodh roimhe seo i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2014.

AGUISÍN 6

COMHLÍONADH/FORFHEIDHMIÚ

Comhlíonadh

Chomhlíon an Ghníomhaireacht go hiomlán ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit.

Chomhlíon an Ghníomhaireacht ceanglais an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 maidir le gach sonrasc a íoc laistigh de 30 lá ó fhaightear sonrasc. I rith 2015, rinne an Ghníomhaireacht 132 íocaíocht agus íocadh iad go léir laistigh de 15 lá.

Tugann an Ghníomhaireacht tuairisc bhliantúil ar na gníomhaíochtaí a ghlacann sí chun ídiú fuinnimh a laghdú mar a cheanglaítear faoi I.R. 542 de 2009.

Tá an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne tiomanta do gach iarracht a dhéanamh i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. In 2015 áiríodh úsáid leictreachais na Gníomhaireachta mar chuid dá costas cíosa agus ní dheachaigh méadar ar leithligh uirthi ó úsáid an phríomhbhloic oifige ina bhfuil oifig na Gníomhaireachta lonnaithe. Bhain an úsáid sin le téamh, aerchóiriú, soilse agus trealamh oifige. Ní raibh aon soláthairtí eile breosla chuig an áitreabh, agus ní raibh aon fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ar an láthair ach an oiread.

Oibreoidh an Ghníomhaireacht le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) in 2016 chun deiseanna a aithint i dtaobh ídiú fuinnimh a laghdú san áitreabh.

AGUISÍN 7

REACHTANNA AGUS IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A BHAINEANN LEIS AN nGNÍOMHAIREACHT

Reachtanna

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1995

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1996

Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) (Uimh. 2), 2002

Ionstraimí Reachtúla

I.R. Uimh. 409 de 1994 – An tOrdú Bainne (Soláthar a Rialáil) (An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne a Bhunú), 1994

I.R. Uimh. 460 de 1994 – An tOrdú um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 1994

I.R. Uimh. 234 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Comhaltaí), 1995

I.R. Uimh. 252 de 1995 – An tOrdú fá Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994 (Alt 5) (Tosach Feidhme), 1995

I.R. Uimh. 253 de 1995 – An tOrdú Bainne (Soláthar a Rialáil) (Tobhach), 1995

I.R. Uimh. 254 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Míonna Geimhridh), 1995

I.R. Uimh. 309 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin a Chúlghairm), 1995

I.R. Uimh. 347 de 1995 – Na Rialacháin Bainne (Soláthar a Rialáil) (Tuairisceáin Tobhaigh), 1995

I.R. Uimh. 348 de 1995 – Na Rialacháin Bainne (Soláthar a Rialáil) (Iarratas ar Chlárúchán), 1995

I.R. Uimh. 265 de 1996 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Táillí), 1996

I.R. Uimh. 184 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 1997

I.R. Uimh. 185 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh), 1997

I.R. Uimh. 271 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2000

I.R. Uimh. 272 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2000

I.R. Uimh. 368 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2003

I.R. Uimh. 369 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2003

I.R. Uimh. 471 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2006

I.R. Uimh. 472 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2006

I.R. Uimh. 371 de 2009 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2009

I.R. Uimh. 372 de 2009 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2009

I.R. Uimh. 588 de 2010 – Scéim Aoisliúntais Fhoireann na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne, 2010

I.R. Uimh. 450 de 2012 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2012

I.R. Uimh. 451 de 2012 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2012

I.R. Uimh. 400 de 2015 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2015

I.R. Uimh. 401 de 2015 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2015

AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

Teach IPC
35/39 Bóthar Shíol Bhroin
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Teil: 01 6603396
Facs: 01 6603389

Ríomhphost: natmilk@eircom.net
Láithreán Gréasáin: www.nationalmilkagency.ie